Bord Oideachais agus
Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education
and Training Board

Tuarascáil Bhliantúil 2016

lmetb

Clár an Ábhair

1. *Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí – BOOLM*

Uimhreacha Leathanaigh

- Réamhrá ón gCathaoirleach 3
- Brollach ón bPríomhfheidhmeannach 4
- Ráiteas Misin, Luachanna, Spriocanna 5
- Bord agus Fochoistí an BOOLM 6-7
- Struchtúr na hEagraíochta 8
- Léargas Ginearálta agus Résumé ar Sheirbhísí 9-10
- Na Buaicphointí 11-14

2. *Scoileanna agus Coláistí* 15-35

3. ***Breisoideachas agus Oiliúint*** 36-64

4. *Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta* 65

- Airgeadas 66-67
- Acmhainní Daonna 68-72
- Seirbhísí Corparáideacha & Oideachais 73-81

Réamhrá ón gCathaoirleach

Is pléisiúr é Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) do 2016 a chur faoi bhur mbráid. Clúdaíonn an tuarascáil seo an tréimhse ón 1ú Eanáir go dtí an 31ú Nollaig 2016 agus is é an tríú tuarascáil bhliantúil é ó bunaíodh an BOOLM.

Bhí fás suntasach i scoileanna, cláir agus seirbhísí BOOLM. Díríonn seirbhísí BOOLM ar an gcaighdeán is airde a bhaint amach agus croílár ár luachanna is ea cur chuige dírithe ar ar an scoláire/foghlaimeoir. Is é BOOLM an soláthraí is mó go fóill san Oirthuaisceart, cláir oideachais á gcur ar fáil aige sna hearnálacha Bunscoile, Iarbhunscoile agus Breisoideachais.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh agus buíochas a ghabháil lenár nIar-Phríomhfheidhmeannach Mr. Peter Kierans as ucht a chuid oibre déine agus a thiomantas don BOOLM agus guím gach rath air agus é ar scor. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach a bhí ann romham, an Comhairleoir Oliver Tully, a bhí ina Chathaoirleach ar BOOLM do 2016. Cuirim fáilte mhór roimh ár bPríomhfheidhmeannach nua Martin G. O' Brien chuig BOOLM. Tá taithí na mblianta tugtha ag Martin chuig ár mbord agus feicfear fás leanúnach inár n-earnáil sa todhchaí. Tá an Bord ag tnúth le bheith ag obair go dlúth leis sna blianta amach romhainn.

Ní bheadh BOOLM in ann an raon leathan seirbhísí a chur ar fáil don phobal gan foireann daoine a bheith aige a bhíonn ag obair gan stad gan staonadh leis an dea-chleachtas agus caighdeán soláthair a chinntiú. Thar ceann an Bhoird ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mbainistíocht agus le baill foirne an BOOLM as ucht a dtiomantais agus a ndíograise dár bhfís de sheirbhís oideachais atá uileghabhálach agus forásach.

Go raibh maith agaibh go léir

Jennifer D'Arcy
Cathaoirleach

Brollach ón bPríomhfheidhmeannach

Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair, a dhéanann taifeadadh agus a aithníonn an dul chun cinn atá déanta ag Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2016.

Is eagraíocht fhorásach agus fhuinniúil é BOOLM a fhreastalaíonn ar riachtanais daonra atá ag fás. Chuir na hathruithe déimeagrafacha agus fás sa daonra i Lú agus sa Mhí leis an tréimhse seo atá an-spreagúil agus dúshlánach don BOOLM. Léiríonn méadú ar an líon rolla agus tús le scoileanna nua agus tionscadail tógála sínte sa dá chontae na hathruithe seo.

In 2016 d'oscail céim 1 den scoil ina bhfuil 1,000 dalta - Coláiste De Lacy – a doirse i gCill Dhéagláin, Co. na Mí. Rinneadh infheistíocht shuntasach freisin le hAonaid Riachtanas Speisialta a sholáthar agus le seirbhísí TFC a fhorbairt ar fud ár scoileanna agus ionad. Bunaíodh líon suntasach cúrsaí agus cláir nua freisin. Táim ag tnúth le tógáil ar an infheistíocht seo in 2017.

In 2017, tá sé beartaithe ag BOOLM scoil a oscailt ina mbeidh 500 dalta i Maigh Dearbhaí, Co. na Mí agus sínte éagsúla a chur i gcrích – i gColáiste Ráth Tó, Coláiste Naomh Peadar, Dún Búinne, Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire agus Coláiste Beaufort san Uaimh. Tá BOOLM ag dúil lena ról mar an t-aon phátrún de Phobalscoil Náisiúnta Ard Rí.

Táim ag súil go mór leo seo agus le forbairtí agus deiseanna nua agus spreagúla eile in 2017 agus ina dhiaidh.

Martin G. O'Brien
Príomhfheidhmeannach

Ráiteas Misin

"Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí tiomanta don chúram, barr feabhais agus nuálaíocht in oideachas agus oiliúint daoine óga agus daoine fásta trí sheirbhísí dinimiciúla a chuireann foireann ghairmiúil ar fáil."

Luachanna BOOLM

Learning = Foghlaim; Caring and Inclusive = Comhbhách agus Uileghabhálach; Innovation and Improvement = Nuálaíocht agus Feabhsú; ICT for Learning = TFC don Fhoghlaim; Sustainable Use of Resources = Úsáid Inbhuanaithe d'Acmhainní; Teamwork and Partnership = Obair Foirne agus Comhpháirtíocht; Openness and Transparency = Oscailteacht agus Trédhearcacht; Professionalism = Gairmiúlacht

Bord BOOLM

Tar éis na dToghchán Áitiúil i mí na Bealtaine 2015, cuireadh Bord ina bhfuil 21 ball le chéile i gcomhréir le Cuid 3, Ailt 30 agus 31 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Ar an 31ú Nollaig 2015, ba é seo a leanas an bord:

Ainm an Bhaill	Arna Ainmniú Ag
Liam Reilly, Uasal	Comhairle Contae Lú
Oliver Tully, Uasal	Comhairle Contae Lú
Maeve Yore, Uasal	Comhairle Contae Lú
Marianne Butler, Uasal	Comhairle Contae Lú
Tomás Sharkey, Uasal	Comhairle Contae Lú
Caroline Lynch, Uasal	Comhairle Contae na Mí
Sarah Reilly, Uasal	Comhairle Contae na Mí
Wayne Harding, Uasal	Comhairle Contae na Mí
Sharon Tolan, Uasal	Comhairle Contae na Mí
Nick Killian, Uasal	Comhairle Contae na Mí
Damien O'Reilly, Uasal	Comhairle Contae na Mí
Trevor Golden, Uasal	Comhairle Contae na Mí
Catherine Clair, Uasal	Ionadaí Foirne an BOOLM
Ciarán O'Donnell, Uasal	Ionadaí Foirne an BOOLM
Ashimedua Okonkwo, Uasal	Ionadaí Foirne an BOOLM
Cormac Bohan, Uasal	Ionadaí Foirne an BOOLM

Ainm an Bhaill	Catagóirí Ainmnithe (3)
Bill Sweeney, Uasal	Ionadaíoch do Chúrsaí Gnó, Tionscail agus d'Fhostóirí
Seán Patrick Carey, Uasal	Ionadaíoch d'Fhoghlaimeoirí
Siobhán Greer, Uasal	Ionadaíoch do dhaoine atá rannpháirteach i mBainistíocht, nó i gCeannaireacht scoileanna aitheanta.
Jenny D'Arcy, Uasal	Ionadaíoch d'fhoras nach bhfuil sna trí chatagóir ainmnithe.
Alan Breathnach, Uasal	Ionadaíoch d'fhoras nach bhfuil sna trí chatagóir ainmnithe.

Coiste Airgeadais agus Coistí Iniúchóireachta

Bunaíodh na coistí seo a leanas i gcomhréir le hAlt 45. – (1) d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Coiste Iniúchóireachta an BOOLM – Dáta a Ceapadh iad 25ú Meitheamh 2015	
Name	
Paul Morgan	**Seachtrach (Cathaoirleach)**
Liam Coleman	**Seachtrach**
Martin Kelly	**Seachtrach**
Caroline Lynch	**Inmheánach**
Cormac Bohan	**Inmheánach**
Bill Sweeney	**Inmheánach**

Coiste Airgeadais an BOOLM – Dáta a Ceapadh iad 25ú Meitheamh 2015	
Ainm	
Oliver Tully	**Inmheánach (Cathaoirleach)**
Brendan McKenna	**Seachtrach**
Ashimedua Okonkwo	**Inmheánach**
Bill Sweeney	**Inmheánach**
Nick Killian	**Inmheánach**

Struchtúr Eagraíochta an BOOLM



Ardbhainistíocht	
Príomhfheidhmeannach	Martin G. O'Brien
Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna	Sadie Ward McDermott
Stiúrthóir Thacaíocht agus Fhorbairt na hEagraíochta	Brian Murphy
Stiúrthóir Scoileanna	Fiona Kindlon

Léargas Ginearálta agus Résumé ar na Seirbhísí

Is údarás áitiúil oideachais agus oiliúna reachtúil é an BOOLM atá freagrach as cúrsaí oideachais, obair óige agus réimse feidhmeanna reachtúla eile. Déanann an BOOLM na nithe seo a leanas a bhainistiú agus a fheidhmiú

- 16 scoil dara leibhéal lena n-airítear 3 scoil a dhéanann comhpháirteanna den Iar-Ardteistiméireacht
- 2 PLC colleges
- 1 Phobailscoil Náisiúnta
- 1 Ionad Oiliúna
- 1 Ionad um Scolaíocht Eorpach
- 9 nIonad Ógtheagmhála
- Raon d'ionaid bhreisoideachais agus oiliúna a chuireann cláir oideachais agus oiliúna ar fáil
- Mar Chomhphatrún ar 6 Phobalscoil sna háiteanna seo a leanas: Baile Átha Fhirdhia, Ceanannas, Baile Átha Troim, Baile Átha Buí, Cill Dhéagláin agus Coláiste Bhaile Mhic Éinigh Droichead Átha.

Tá an BOOLM gníomhach sna pobail áitiúla trí sholáthar díreach a dhéanamh de chláir oideachais agus oiliúna a chuirtear ar fáil sna hIonaid Oiliúna, Coláistí agus suíomhanna oiliúna agus oideachais eile. Is mian le BOOLM fíordhifríocht a dhéanamh do shaol na ndaoine a bhfuil sé ag freastal orthu.

Scoileanna agus Coláistí		
Coláiste Beaufort An Uaimh	Iarbhunscoil na Sceachóige Dún Dealgan	Coláiste De Lacy Cill Dhéagláin
Coláiste Chú Chulainn Dún Dealgan	Coláiste na hInse An Inse	Coláiste na Mí An Uaimh
Coláiste Pobail Ráth Chairn	Coláiste Pobail Dhún Seachlainn	Coláiste Uí Chearúlláin An Obair
Coláiste Uí Fhiaich Dún Dealgan	Coláiste Ráth Tó	Scoil Uí Mhuirí Dún Léire
Iarbhunscoil Naomh Fintina Maigh Dearbhaí	Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar Droichead Átha	Coláiste Naomh Peadar Dún Búinne
Iarbhunscoil Naomh Oilibhéar An Seanchaisleán	Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha	Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne
Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí An Uaimh	An tIonad um Scolaíocht Eorpach Dún Seachlainn	

Breisoideachas agus Oiliúint

Breisoideachas agus Oiliúint	Ionaid		
Ionad Oiliúna	Dún Dealgan		
SDOG	Droichead Átha	Dún Dealgan	An Uaimh
Ógtheagmháil	Droichead Átha	Dún Dealgan	
	Fondúireacht Ógtheagmhála An Uaimh	Dul Chun Cinn Ógtheagmhála An Uaimh	
	Baile Átha Troim	Ceanannas	
	Cill Dhéagláin	An Inse/Baile an Bhiataigh	
	Baile Átha Fhirdhia		
Seirbhísí Foghlama d'Aosaigh **Treoir d'Aosaigh** **Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas** **Oideachas Pobail**	Droichead Átha	Dún Dealgan	An Uaimh
	Baile Átha Troim	Ceanannas	An Seanchaisleán
	Maigh Muirí	An Inse/ Baile an Bhiataigh	Dún Seachlainn
	Dún Búinne	Baile Átha Buí	Cill Dhéagláin
Cúrsaí Oíche a Sholáthar	11 ionad i Lú agus sa Mhí		
Giniúint Ceoil	Lú		
Seirbhísí Óige	Lú	An Mhí	
Tionscadail AE	Lú	An Mhí	
Dearbhú Cáilíochta	Lú	An Mhí	

Buaicphointí an BOOLM

Príomhfheidhmeannach Nua

Chuir BOOLM fáilte roimh a Phríomhfheidhmeannach nua, Martin G. O'Brien, ar an 1 Meán Fómhair 2016.

Tugann an tUasal O'Brien taithí na mblianta leis mar Phríomhfheidhmeannach BOO an Chabháin agus Mhuineacháin ó 2013 agus roimhe sin mar Phríomfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais Mhuineacháin ó 2007. Bhí sé mar Phríomhfheidhmeannach freisin de Choiste Gairmoideachais Shligigh idir 2005 agus 2007.

Ceapacháin Stiúrthóirí Nua

D'fhógair BOOLM dhá Cheapachán Stiúrthóirí nua in 2016 tar éis feachtas earcaíochta náisiúnta ar thug an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) fúthu.

- Sadie Ward McDermott, Uasal – Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
- Brian Murphy, Uasal – Stiúrthóir Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta

Ceapadh Fiona Kindlon, Uasal mar Stiúrthóir Scoileanna.

Onóir bronnta ar na Scoláirí is fearr de chuid BOOLM ag Searmanas Mór Le Rá

I mí Mheán Fómhair 2016, bhronn BOOLM onóir ar na scoláirí óna scoileanna agus ionaid a bhain amach na gráid acadúla is airde san Ardteistiméireacht in 2016.

Bhí Príomhfheidhmeannach an BOOLM Martin G. O'Brien, Uasal, i mbun an tsearmanais agus bhronn sé dámhachtainí ar 38 scoláire.

Rinne Príomhoidí na Scoileanna óráidí gearra ag moladh gach scoláire agus rinne siad cur síos ar an ionchur a bhí ag na scoláirí ina scoileanna agus conas ar éirigh thar cionn leo ní hamháin sa réimse acadúil ach sa réimse spóirt freisin, i ngníomhaíochtaí deonacha agus mar chomhghleacaithe lena gcomhscoláirí.

Mhol Martin G. O'Brien, Uasal na tuismitheoirí, múinteoirí, Príomhoidí scoile agus thar aon ní eile na scoláirí iad féin as an méid atá bainte amach acu atá ar fheabhas. Dúirt sé "ní féidir torthaí mar seo a bhaint amach ach amháin le meascán d'obair dhian na scoláirí, scileanna teagaisc den scoth na múinteoirí, tacaíocht an teaghlaigh, agus ceannaireacht ghníomhach agus fhíseach na bPríomhoidí scoile atá thar barr atá i gceannas anois ar scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí".

Éiríonn Peter Kierans as tar éis 21 bliain mar Phríomhfheidhmeannach ag Coiste Gairmoideachais na Mí/BOOLM

D'fhág BOOLM slán geanúil ag an bPríomhfheidhmeannach Peter Kierans, Uasal, a d'imigh ar scor i mí Lúnasa 2016.

Thar an tréimhse fiche a haon bliain agus é ag feidhmiú mar Phríomhfheidhmeannach, rinne an tUasal Kierans maoirseacht ar chónascadh Choiste Gairmoideachais Lú agus Choiste Gairmoideachais na Mí le Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí a bhunú. Osclaíodh seacht scoil nua le linn a thréimhse oifige agus chomh maith leis sin rinne sé maoirseacht freisin ar chlár fairsing d'fhorbairtí foirgníochta – ina raibh sínte, uasghráduithe agus athchóirithe móra i gceist.

Guíonn BOOLM ádh mór air agus é ag dul ar scor.

'Peter Kierans agus é ag dul ar scor lena gharinión 1 bhliain d'aois Maura Ascough, agus an lá deiridh ag obair san BOOLM críochnaithe aige'

Coláiste De Lacy Ashbourne

Bhog scoláirí Choláiste De Lacy chuig a scoil nua i gCampas Oideachais Chill Dhéagláin i mí na Samhna 2016. Chun é seo a cheiliúradh, d'imigh na scoláire timpeall Chill Dhéagláin i bparáid chun an lá stairiúil seo a cheiliúradh. Ina dhiaidh sin, chuir na scoláirí agus na baill foirne bleibíní Earraigh sa talamh chun an fás a dhéanann siad a léiriú, mar scoláirí aonair, mar ghairmithe, mar scoil agus mar phobal foghlama.

Coláiste Chú Chulainn Dún Dealgan

Bhog scoláirí agus múinteoirí Choláiste Chú Chulainn go dtí cóiríocht nua shealadach i seanfhoirgneamh na Muireach ar Shráid Nioclás Dún Dealgan i mí Mheán Fómhair 2016 – láthair ina bhfuil i bhfad níos mó áiseanna agus spáis d'fhás an phobail scoile agus iad ag fanacht go dtí go gcríochnaítear a cóiríocht bhuan sna Méirsí i nDún Dealgan.

Thosaigh an obair ina gcampas nua sna Méirsí i mí na Nollag 2016, agus tá pobal na scoile ar bís agus súil leis an scoil a bheith críochnaithe in 2018.

Ardteistiméireacht SDOG na hUaimhe 2016

Ceiliúrann scoláirí as SDOG na hUaimhe nuair a fhaigheann siad a dTeastais Ardteistiméireachta i mí Lúnasa 2016.

Scoileanna agus Coláistí

Coláiste Beaufort An Uaimh

Príomhoide: Angela Crowcock

Leas-Phríomhoide: Ken Flynn

Teileafón: 046 9028915

R-phost: beaufortcollege@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin: www.beaufortcollege.ie

Clárú Nollaig 2016: 550

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Teagasc cumais mheasctha tugtha isteach sa 1ú bhliain agus sa 5ú bliain
- Dhá Phríomhoide Cúnta agus múinteoirí Eolaíochta/Eolaíocht Talmhaíochta agus Bitheolaíochta ceaptha
- GCAT tugtha isteach do scoláirí na 5ú bliana
- Sonraíochtaí Eolaíochta agus Gnó na Sraithe Sóisearaí nua sa 1ú bhliain
- Tús curtha le síneadh mór agus halla spóirt nua don scoil i mí an Mheithimh 2016
- Trí léiriú de “Grease” san Amharclann Solstice san Uaimh i mí na Samhna 2016
- Scoláirí rannpháirteach i sraithchomórtas Sacair Laighean Thuaidh, Roinn 2, faoi bhun 14 bliana d’aois agus i sraithchomórtas sacair buachaillí scoile an Oirthuaiscirt, faoi bhun 15 bliana d’aois, 17 mbliana d’aois agus 19 mbliana d’aois
- Ghlac foirne peile Gaelaí sa scoil páirt sna comórtais CLG de Chúige Laighean agus sna comórtais a d’eagraigh CLG na Mí
- Rinneadh feabhas ar sholáthar na ngléasanna móibíleacha trí infheistíocht a dhéanamh i níos mó iPadanna don rang
- Cuireadh feabhas ar chlúdach Wi-Fi na scoile trí Phointí Rochtana breise. Cuireadh Air Server isteach i gcuid mhór de na stáisiúin teagaisc chun níos mó foghlama idirghníomhaí a cruthú sna seomraí ranga
- Reáchtáil Coláiste Beaufort Lá Oideachais Fhorbartha do na cúig scoil dara leibhéal uile san Uaimh
- Bhí Foireann Díospóireachta Shinsearach na Scoile in iomaíocht sa chraobh ceannais de Dhíospóireachtaí Laighean in 2016
- Cuireadh tús le coiste foirmiúil Guth na Scoláirí

Iarbhunscoil na Sceachóige Dún Dealgan

Príomhoide: Kevin Joyce

Leas-Phríomhoide: Sinead McDonnell

Teileafón: 042 9376246

R-phost: bushpp@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin: www.bpps.ie

Clárú Nollaig 2016: 576

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Dhá chúrsa gearra nua tugtha isteach sa tSraith Shóisearach Nua – Litearthacht na Meán Digiteach agus Corpoideachas
- Speisialtóir Microsoft Office tugtha isteach sa Chlár Idirbhliana
- Roghnaíodh Iarbhunscoil na Sceachóige le bheith rannpháirteach sa Chlár ATS (Measúnú ar Scileanna Trasnacha) 2020
- Shroich scoláirí Cluiche Ceannais Chorn Lennon 2016
- D'éirigh léi san MSU-BCF (Meastóireacht ar an Scoil Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim) i mí Feabhra
- Clár um Cheannaireacht Theagascach - Chríochnaigh 3 bhall foirne é agus tá 6 bhall foirne breise rannpháirteach sa chlár
- Tugadh áiseanna Wi-Fi i ngach seomra ranga suas chun dáta
- Bhain scoláire 10 grád A amach sa tSráith Shóisearach as 10 n-ábhar
- Bhain scoláire 550 pointe amach san Ardteistiméireacht
- Fuair scoláire den Ardteistiméireacht Fheidhmeach pas le gradam i ngach comhpháirt den chlár
- Bhronn an fhoireann Operation Transformation an chéad Bhratach Phobail riamh sa tír ar Operation Bush4mation (comhthionscnamh idir an scoil agus an pobal áitiúil)
- Leanann dearadh shíneadh mór na scoile nua ar aghaidh

Coláiste De Lacy Cill Dhéagláin

Príomhoide: Janice Corrigan

Leas-Phríomhoide: David McCormack

Teileafón: 086 4102507

R-phost: colaistedelacy@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin: www.colaistedelacy.ie

Clárú Nollaig 2016: 182

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Cheap Coláiste De Lacy ochtar múinteoirí eile agus Cúntóir Riachtanas Speisialta do 2016-17
- Reáchtáladh clár aistrithe agus seachtain an chairdis do na scoláirí atá ag teacht isteach sa chéad bhliain i mí Mheán Fómhair 2016
- Cuireadh an tógáil de Chéim 1 de Choláiste De Lacy i gcrích i mí na Samhna 2016. Bhog na scoláirí agus na baill foirne go dtí a n-áitreamh nua ar an 7 Samhain 2016
- Cuireadh réamhbhlaiseadh den churaclam ar fáil sa chéad bhliain chun é a dhéanamh níos éasca do na scoláirí cinntí feasacha a dhéanamh faoi na hábhair roghnacha is fearr dóibh.
- Bhí scoláirí rannpháirteach i gcomórtais Cispheile, Lúthchleasaíochta, Sacair, Rugbaí agus Eachracha. Bhuaigh an scoil Trialacha Hunter Idirscoileanna in 2016
- San áireamh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim na scoláirí bhí an Club Taibhealaíon, Ceolfhoireann Ucailéile, Club Scannán, Club Ealaíne, Club Díospóireachta, rannpháirteach in Sci-Fest agus MATHletes agus Comhairle na nÓg agus toghadh scoláire sa dara bliain ar Chomhairle Óige Chomhairle na nÓg de chuid Chontae na Mí
- Chuimsigh na Seachtainí Téamúla Seachtain an Aireachais, Seachtain na hEolaíochta, An tSeachtain Ghníomhach agus Lá do Theaghlaigh
- Léirithe ag Seó Mór Ceoil de chuid BOOLM i mí na Bealtaine 2016
- Rannpháirteach san Staraí Óg de chuid BOOLM agus Comórtas Filíochta Francis Ledwidge agus bhuaigh scoláire sa dara bliain as Coláiste De Lacy Comórtas Filíochta Francis Ledwidge
- Lean Coláiste De Lacy ag obair le Graham Powell ar “Building Learning Power” (Cumhacht Foghlama a Thógáil) (BLP) – cur chuige atá ann chun cuidiú le scoláirí a bheith mar fhoghlaimeoirí freagracha níos fearr, lasmuigh agus laistigh den scoil araon.

Coláiste Chú Chulainn/Coláiste Lú Dún Dealgan

Príomhoide: Deirdre Uí Liatháin

Leas-Phríomhoide: Seán Ó hÉanaigh

Teileafón: 042 9352428

R-phost: colaistechuchulainn@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin: www.colaistecc.ie

Clárú Nollaig 2016: 287

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- D'imigh scoláirí isteach sa tSraith Shinsearach den chéad uair agus bhí grúpa 21 scoláire Idirbhliana sa Ghaelcholáiste, Coláiste Lú
- I mí September 2016, bhog scoláirí agus múinteoirí Choláiste Chú Chulainn go dtí cóiríocht nua shealadach i seanfhoirgneamh na Muireach ar Shráid Nioclás – láthair ina bhfuil i bhfad níos mó áiseanna agus spáis d'fhás an phobail scoile
- Thosaigh obair ar an gcampas nua sna Méirsí i mí na Nollag 2016 – agus tá na múinteoirí agus scoláirí ag súil go mór le bogadh ann in 2018
- Lean na scoláirí ag forbairt modheolaíochtaí "Cumhacht Foghlama a Thógáil" (Building Learning Power) sa scoil
- Bhuaigh Coláiste Chú Chulainn a chéad trófaí spóirt nuair a bhuaigh siad Sraithchomórtas Peile Laighean Thuaidh (Roinn 2)
- Bhuaigh scoláire i gColáiste Lú an chéad teideal Lúthchleasaíochta na hÉireann, nuair a bhuaigh sé an bonn óir san eachtra Léimráis 1500m i Seantrabh. D'imigh an scoláire ar aghaidh agus bhí sé rannpháirteach thar ceann a thíre, agus tháinig sé sa dara háit sa chomórtas na Náisiún Baile
- Bhuaigh scoláire de chuid Choláiste Lú Bonn Óir Náisiúnta sa chomórtas Poetry Aloud, an chatagóir shóisearach, éacht iontach don dara bliain
- Buaiteoir réigiúnach i gcomórtas Abair, de chuid Gael Linn
- Buaiteoirí réigiúnacha sa chomórtas díospóireachta as Gaeilge de chuid Chomórtas Uí Chadhain
- Coláiste Chú Chulainn: Teideal Chúige Uladh i dTráth na gCeist de chuid Gael Linn

Coláiste na hInse An Inse

Príomhoide:	AnneMarie McCarrick
Leas-Phríomhoide:	Ian Gardiner
Teileafón:	041 9813335
R-phost:	colaistenahinse@lmetb.ie
Suíomh Gréasáin:	www.colaistenahinse.ie
Clárú Nollaig 2016:	973

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Cuairt ó History Live mar chuid de sheachtain na staire a dhírigh ar Éirí Amach na Cásca
- D'eisigh Coláiste na hInse forógra 2016 agus fuair sé Bratach na hÉireann ó Óglaigh na hÉireann
- Bhuaigh dhá scoláire Scoláireacht Iontaobhas Oideachais Michael Sweetman le bheith rannpháirteach in Strasbourg thar ceann na scoile, BOOLM agus na hArdteistiméireachta Feidhmí
- Shroich foireann buachaillí na chéad bhliana cluiche leathcheannais Chúige Laighean
- Is iad na cailíní faoi bhun 17 mbliana d'aois seaimpíní Laighean de roinn 2 de na scoileanna de chuid an FAI
- Reáchtáil Coláiste na hInse Comórtas Cístíní Cupa idirscoileanna
- Roghnaíodh scoláire as Coláiste na hInse mar dhuine den 16 scoláire a roghnaíodh le bheith rannpháirteach i gclár nanaitheicneolaíochta AMBER de chuid Choláiste na Tríonóide
- Fuair an scoil a céad Bhratach Ghlas
- Thug Stiúrthóir Bainistíochta na Suíomhanna Gréasáin Scoileanna caint do thuismitheoirí maidir le sábháilteacht idirlín agus cibearbhulaíocht
- Bhailigh iarscoláirí agus na scoláirí reatha airgead do Naomh Uinseann de Pól um Nollaig nuair a chan siad amhráin fhéiltiúla a bhfuil tóir orthu
- Seachtain Feasachta an Choláiste – Cheiliúr scoláirí Seachtain Feasachta an Choláiste nuair a lainseáil siad go hoifigiúil a Leabharlann Gairmeacha, agus thug siad cuairt ar Ráschúrsa an Náis chun foghlaim faoi ghairmeacha san eachaí agus sa rásaíocht.

Coláiste na Mí An Uaimh

Príomhoide:	Justine Hughes
Leas-Phríomhoide:	Paddy Carr/Pat Cole
Teileafón:	046 9012130
R-phost:	colaistenami@lmetb.ie
Suíomh Gréasáin:	www.colaistenami@lmetb.ie
Clárú Nollaig 2016:	510

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Dul chun cinn suntasach ar fhorbairt churaclaim ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí agus pleanáil agus ullmhúchán déanta do gach gné de leasuithe uile na Sraithe Sóisearaí
- Leathnaíodh roghanna na scoláirí ag an leibhéal Sóisearach agus Sinsearach de bharr an méadú in iontógáil scoláirí
- D'fhás daonra na scoláirí go dtí níos mó ná 500 agus bhí 150 scoláire nua sa chéad bhliain
- Ba é 2016 an chéad uair a raibh baint hiomlán aige le Coimisiún na Scrúduithe Stáit nuair a rinne an chéad ghrúpa scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus d'éirigh thar cionn leo
- Leis an bhfás tapa de dhaonra na scoile líonadh go gasta Céim 1 d'fhorbairt tógála na scoile agus lean an réamhobair ar aghaidh roimh Chéim 2 agus táthar ag súil go dtosófar go déanach in 2017 agus tá cóiríocht shuntasach shealadach curtha isteach chun freastal ar éilimh an choláiste atá ag fás
- Chuir gníomhaíochtaí seach-churaclaim go mór leis an dul chun cinn a rinne an coláiste i rith 2016. Mar gheall ar raon leathan de ratha a bhain foirne scoláirí agus scoláirí aonair amach chonacthas an fholláine ag fás san scoil
- Fuair sé an duais 'Scoil na Bliana sa Mhí' i Lúthchleasaíocht na mbuachaillí
- Cuireadh cur chuige scoile uile i bhfeidhm maidir le Pleanáil Meastóireachta agus Forbartha agus tá cur i bhfeidhm polasaí ag dul ar aghaidh go leanúnach i réimsí ar nós

  – Folláine, Treoir, Turais Oideachais agus rannpháirteachas Pobail

Coláiste Pobail Ráth Chairn

Príomhoide: Macdara Ó Duillearga

Leas-Phríomhoide: Proinsias Ó Luachra

Teileafón: 046 9432722

Ríomhphost: cprc@lmetb.ie

Suíomh Ghréasáin na scoile: www.cprathcairn.ie

Clárú Nollaig 2016: 116

Éachtaí/Forbairtí

- Buaiteoirí réigiúnacha de dhíospóireachtaí sinsearacha Gael Linn
- Turas go dtí an Róimh do ghrúpa na hIdirbhliana
- Oiliúint um JCT curtha ar an bhfoireann agus cúrsa Garchabhrach déanta ag an bhfoireann uile
- Tháinig Sorcha ó Concern go Coláiste Pobail Ráth Chairn ar an 12 Deireadh Fómhair chun labhairt leis an Idirbhliain agus an Cúigiú bliain faoin obair a dhéanann Concern agus an troscadh
- Buaiteoirí Chúige Laighean Thuaidh den tsraithchomórtas cispheile faoi bhun 14 bliana d'aois
- Tháinig scoláirí sa dara háit ag Scléip 2016 agus léirigh an Idirbhliain Filíocht agus Dánta na hArdteiste

Coláiste Pobail Dhún Seachlainn

Príomhoide: Shane Foley

Leas-Phríomhoidí: Bridget Bennett & Cathy Byrne

Teileafón: 01 8259137

R-phost: dunshaughlincc@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin: www.dunshaughlincc.ie

Clárú Nollaig 2016: 1,011

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Scoil phíolótach le Polaitíocht agus Sochaí a thabhairt isteach sa Chúigiú bliain
- Cuireadh tús le Scrúduithe Gairmiúla Microsoft Office do scoláirí
- D'éirigh leo i gcúrsaí spóirt i bPeil na mBuachaillí, Peil na gCailíní, Cispheil na gCailíní, Cúrsaí Eachracha, an Lúthchleasaíocht, Galf, Sacar agus Camógaíocht
- Ceapadh naoi mball foirne nua
- Comhpháirtí Taighde le DCU
- Rannpháirteach i Seó Mór Ceoil an BOOLM
- Oilimpiad Sóisearach na hEolaíochta: Bonn Airgid buaite ag Oilimpiad Náisiúnta Sóisearach na hEolaíochta, agus Bonn Cré-umha ag Oilimpiad Idirnáisiúnta Sóisearach na hEolaíochta in Bali
- Scoláireachtaí Acadúla bronnta ar ocht scoláire
- Eolaíocht: Ardmholadh de chuid Eolaí Óg BT do Choláiste Pobail Dhún Seachlainn agus Duais an Chumarsáidí is fearr ag Scifest
- Turais oideachais chuig Andalusia agus Krakow
- Tiomsú airgid agus imeachtaí carthanachta lena n-áirítear Lá Carthanachta Choláiste Pobail Dhún Seachlainn, Achainí Seóbhosca, achainí bia Naomh Uinseann de Póil, Fócas Éireann, agus achainí hataí, lámhainní agus scairfeanna

Coláiste Uí Chearúlláin An Obair

Príomhoide: John Grant

Leas-Phríomhoide: Helen Loftus

Teileafón: 046 9052177

R-phost: ocarolancollege@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin: www.ocarolancollege.ie

Clárú Nollaig 2016: 608

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- An tSraith Shóisearach á tabhairt isteach ar bhonn céimnithe
- Cháiligh cailíní sóisearacha agus sinsearacha do chluiche ceathrú ceannais Chúige Laighean
- Cháiligh foireann peile na mbuachaillí faoi bhun 16 bliana d'aois do chluiche ceathrú ceannais Chúige Laighean Thoir Thuaidh
- Bhí baint ag na múinteoirí le *Ceannaireacht Teagaisc,* inseirbhís um Fhorbairt Mhata, agus cruinnithe um Athbhreithniú ar Fhoghlaim ábhair agus Measúnú i dtaca le JCPA (Próifíl Gnóthachtála)
- Bronnadh Scoláireachtaí Acadúla ar bheirt scoláirí
- Gradam maidir le rannpháirteachas i Teagasc agus Cur Chun Cinn an Bharr Fheabhais i Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí
- Léiriú drámaíochta de "Endgame" le Samuel Beckett ón gCúigiú bliain i mí na Samhna 2016
- Mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta ghlac scoláirí na hIdirbhliana páirt in "Is Eolaí Mé", imeacht ar léine atá saor in aisce ina mbuaileann agus ina mbíonn caidreamh ag scoláirí le heolaithe
- Turas na hIdirbhliana go dtí Coláiste na Tríonóide don 'The Sacred Geometry of Chance' – mar chuid de Sheachtain na Matamaitice
- Bhí imeachtaí éagsúla ar siúl do "Seachtain na Beatha Sláintiúla" ina raibh taispeántas maidir le Lón Sláintiúil a d'ullmhaigh tuismitheoirí Choláiste Uí Chearúlláin

Mar chuid den tionscnamh 'Leabhar i Mála' bronnadh leabhar ar gach scoláire sa chéad bhliain. Is é an smaoineamh taobh thiar den tionscnamh ná go mbeidh úrscéal i gcónaí á iompar ag na scoláirí uile, sa tslí chéanna agus a bhíonn a ndialann leo an t-am ar fad

Coláiste Uí Fhiaich Dún Dealgan

Príomhoide: Padraig McGovern

Leas-Phríomhoide: **Margaret Deegan/**Karen Patten

Teileafón: 042 9331398

R-phost: ofi@lmetb.ie

Suíomh Gréasáin: www.ofiaichcollege.ie

Clárú Nollaig 2016: 885

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Cuireadh leis an ionduchtú do scoláirí na chéad bhliana nuair a cuireadh an Clár 'Alert' ar fáil. Leis an gclár seo déantar an t-aistriú níos éasca ón mbunscoil go dtí an iarbhunscoile agus tugtar deis do gach scoláire atá ag teacht isteach labhairt faoina n-ábhair imní agus cuirtear ar a suaimhneas iad agus tugtar muinín dóibh ina timpeallacht scoile nua
- Bhí seachtain na litearthachta ar siúl i mí an Mhárta 2016. Bhí sraith imeachtaí ar siúl le linn na seachtaine agus bhí Lá Cluichí sa Leabharlann, Tráth na gCeist maidir le Peil sna ranganna Béarla, comórtas iScannáin (An Idirbhliain agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach), Ceardlanna Scríbhneoireachta Cruthaithí, Comórtas Féinín agus Comórtas Litrithe na Chéad Bhliana. Bronnadh duaiseanna ag deireadh na seachtaine
- Le linn sheachtain an chairdis chonacthas líon gníomhartha agus cainteoirí sa scoil. Tugadh spreagadh do scoláirí labhairt amach faoin mbulaíocht a d'fhéadfadh a bheith déanta orthu nó a bheadh feicthe acu, d'fhoghlaim siad cad ba chóir dóibh a dhéanamh, cad iad na hidirghabhálacha atá i bhfeidhm agus fuair siad tuiscint níos fearr ar an tionchar a bhíonn ag an iompar seo ar dhaoine eile
- Leanann Clár na hIdirbhliana ag dul ó neart go neart, agus bhain na scoláirí taitneamh as clár lán ina raibh siad rannpháirteach i líon mór gníomhaíochtaí
- Bhain scoláirí sna blianta scrúduithe (3ú agus 6ú bliain) tairbhe as réimse clár scileanna staidéir a cuireadh ar fáil leis an scoil agus in ionaid lasmuigh

Coláiste Ráth Tó

Príomhoide:	Oonagh Prendergast
Leas-Phríomhoidí:	Angela Guinan/Derek Ball, Aoife O'Dwyer
Teileafón:	01 8254102
R-phost:	ratoathcollege@lmetb.ie
Suíomh Gréasáin:	www.ratoathcollege.ie
Clárú Nollaig 2016:	1,051

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Tá clár nua forbartha ag an scoil do lucht na chéad bhliana dar teideal 'Cuar Foghlama'. Tá an clár seo bunaithe ar chumhacht foghlama na scoláirí agus na huirlisí, scileanna agus teanga atá de dhíth a thabhairt dóibh le gur féidir leo forbairt mar dhaoine a réitíonn fadhbanna/foghlaimeoirí neamhspleácha
- Eagraíodh ceardlann ar éirigh thar cionn leis do thuismitheoirí de lucht na chéad bhliana le Graham Powell, ionas gur féidir leo obair freisin lens leanbh le bheith níos neamhspleáiche
- D'éirigh le scoláirí éagsúla boinn de chuid na hÉireann agus de chuid na hEorpa a bhaint amach i réimse leathan spórt. Tá sacar na gcailíní ag dul ó neart go neart agus shroich foireann iománaíochta na mbuachaillí faoi bhun 16 bliana d'aois agus faoi bhun 18 mbliana d'aois cluiche leathcheannais
- D'éirigh le scoláirí torthaí den scoth a bhaint amach san Ardteistiméireacht agus sa tSraith Shóisearach. Fuair níos mó ná 75% de scoláirí na hArdteistiméireachta os cionn 400 pointe agus d'imigh 73% díobh ar aghaidh go dtí an 3ú leibhéal agus tá 19% eile díobh ag freastal ar chúrsa Iar-Ardteistiméireachta. Bhí scoláire den Teastas Sóisearach duine amháin de na 6 scoláire a fuair 12 A sa tSraith Shóisearach
- D'éirigh thar barr leis an seó tallainne bliantúil arís agus bhí léirithe den scoth ó scoláirí a bhfuil an-tallann acu. Rinne lucht na 6ú bliana thar barr agus bhuaigh siad dhá cheann de na chéad trí dhuais

Scoil Uí Mhuirí Dún Léire

Príomhoide: Eilis Flood/Fiona Kindlon

Leas-Phríomhoide: Ray Donagh

Teileafón: 041 6851344

R-phost: scoiluimhuiri@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.scoiluimhuiri.ie

Clárú Nollaig 2016: 597

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Rinne grúpaí na hArdteistiméireachta Seanbhunaithe agus na hArdteistiméireachta Feidhmí 2016 go han-mhaith agus lean 67% díobh ar aghaidh chuig an ardoideachas, lean 21% ar aghaidh chuig an mbreisoideachas, ghlac 2% de na scoláirí le printíseachtaí agus d'imigh 10% ag obair, go príomha san earnáil talmhaíochta
- D'oibrigh Roinn an Bhéarla go dian chun na hathruithe atá déanta leis an tSraith Shóisearach nua a thabhairt isteach go réidh agus i mbliana mar thoradh ar an éileamh cuireadh tús le Spáinnis sa scoil
- Tá an síneadh nua á ndéanamh agus cúpla seachtain chun cinn ó thaobh sceidil de. Tá sé beartaithe le bheith curtha i gcrích i mí na Samhna 2017
- D'éirigh thar cionn le scoláirí Scoil Uí Mhuirí i gcúrsaí spóirt i mbliana:
    - Bhuaigh Foireann Pheil Gaelach na gCailíní Sinsearacha Cluiche Ceannais Shraithchomórtas Lú
    - Foireann Pheil Gaelach na gCailíní Sóisearacha tríd go dtí cluiche ceathrú ceannais Chúige Laighean
    - D'imigh na foirne sárimreora de chuid Chorn Lennon ar scoláire 16 bliana d'aois sa Pheil Ghaelach Shinsearach
- D'éirigh thar barr le ceoldráma na hIdirbhliana 'Sister Act' agus bhí tinreamh an-mhór ón bpobal ar an dá oíche

Iarbhunscoil Naomh Fintina Maigh Dearbhaí

Príomhoide: Tom Stack

Leas-Phríomhoide: Monica Clarke

Teileafón: 046 9555018

R-phost: stfintinas@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.stfintinas.ie

Clárú Nollaig 2016: 291

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Chuir Tionscnamh Mata i bPéirí de chuid TSCS deiseanna ar fáil le scoláirí sinsearacha a nascadh le scoláirí TSCS chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus feabhsú na cumas matamaiticiúil agus uimhriúil i measc scoláirí de chuid TSCS
- Ghlac cohórt de scoláirí na chéad bhliana páirt sa tionscnamh "Fás do chuid glasraí féin" i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí san Ionad Garraíodóireachta mar chuid dá gclár OSPS
- Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an tógáil ar foirgneamh scoile nua, chun freastal ar 500 scoláire agus tá sé le bheith críochnaithe agus oscailte i mí Mheán Fómhair 2017
- Roghnaigh pobal na scoile, trí phróiseas comhairliúcháin "Coláiste Clavin" mar an t-ainm nu den scoil in ómós don iarshagart paróiste, an tUrramach Matthew Clavin a bhí lárnach le go mbunófaí scoil dara leibhéal i Maigh Dearbhaí in 1952
- Tugadh isteach an Chispheil arís mar spórt iomaíoch in 2016 agus bhí dhá fhoireann mná i gcomórtas sa tSraithchomórtas Cispheile Thoir Thuaidh. Bhí foirne in iomaíocht freisin san iománaíocht, peil, peil na mban agus sacar i rith na bliana
- Ceoldráma 2016 – Léirigh grúpa drámaíochta na scoile "A Little Box of Oblivion" dráma grinn le Stephen Bean mar an príomhléiriú don bhliain. Léirigh siad freisin sliocht as "The Chastitute" le John B Keane mar chuid de Sheó Mór Ceoil an BOOLM
- Bhuaigh scoláire de chuid Naomh Fintina an chatagóir tionscadail de "Comórtas an Staraí Óig", de chuid an BOOLM, agus ceapadh scoláire sinsearach mar ambasadóir uisce ar Choiste náisiúnta na Scoileanna Glasa.

Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar Droichead Átha

Príomhoide: John Halpin

Leas-Phríomhoidí: Úna Kirk, Mary Donaghy

Teileafón: 041 9838390

R-phost: socc@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.socc.ie

Clárú Nollaig 2016: 1,288

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Ba scoil fócais é Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar do thionscadal taighde Ollscoil Luimnigh chun scrúdú a dhéanamh ar spiorad sainiúil na scoileanna BOO. Cuirtear tuarascáil iomlán ar fáil chomh maith le tuarascáil ar leith don scoil ina bhfuil cur síos ar Spiorad Sainiúil Choláiste Pobail Naomh Oilibhéar
- Bhuaigh Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar babhta ceannais an Chomórtais Náisiúnta Díospóireachta Spáinnise. Chomh maith leis sin bhuaigh scoláire de chuid Choláiste Pobail Naomh Oilibhéar an duais mar an Cainteoir is Fearr
- *An Chéad Scoil Ribín Bháin in Éirinn* – Bhí Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar mar an chéad scoil in Éirinn le tabhairt faoin tionscnamh idirnáisiúnta seo chun feasacht a mhúscailt maidir le foréigean fear i gcoinne ban
- Bhí baint ag scoláirí Idirbhliana Naomh Oilibhéar le Damhsa Tae Bliantúil de chuid an Lions Club a bhí ar siúl san Óstán Westcourt i nDroichead Átha. Eagraítear an damhsa bliantúil seo i gcomhar le grúpaí gníomhaíochta lucht scoir de chuid Dhroichead Átha agus mar thoradh air bíonn caidreamh idir glúine éagsúla
- Mar chuid de Sheachtain Ghníomhach Scoileanna de chuid Choláiste Pobail Naomh Oilibhéar ghlac 450 scoláire agus múinteoir sa dara Mionmharatón Ban bliantúil a bhí againn
- Cheiliúr Naomh Oilibhéar Lá Eorpach na dTeangacha le churros agus seacláid. I mí Mheán Fómhair gach bliain, ceiliúrtar éagsúlacht theangeolaíoch agus chultúrtha na hEorpa agus bhain beagnach 700 scoláire sa scoil taitneamh as an mbéile beag Spáinneach a ullmhaíodh i mBialann Spáinneach Maria, Droichead Átha.

Iarbhunscoil Naomh Oilibhéar An Seanchaisleán

Príomhoide: Brendan Corcoran/Martin O'Reilly

Leas-Phríomhoide: Michéal McCafferty/Brendan Corcoran

Teileafón: 049 8541180

R-phost: stoliverpostprimary@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.stoliverpps.ie

Clárú Nollaig 2016: 555

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- D'imigh Martin O'Reilly, Uasal, ar scor mar phríomhoide Iarbhunscoil Naomh Oilibhéar An Seanchaisleán ar an 31 Lúnasa 2016 – bhí sé mar phríomhoide den scoil ar feadh 11 bhliain.
- Cuireadh siollabais nua don Eolaíocht agus do Ghnó i bhfeidhm agus leanadh ar aghaidh agus cuireadh an Béarla i bhfeidhm dóibh siúd atá i mbabhta ceannais Díospóireachta an Teastais Shóisearaigh de chuid Concern
- Críochnaíodh an síneadh nua agus tá sé ag feidhmiú le 4 sheomra praiticiúla agus seomra foirne
- Foirgneamh ina bhfuil Aonad Riachtanas Speisialta nua críochnaithe agus ag feidhmiú
- Rith Spraoi Pobail Scoile Bhliantúil i mí Mheán Fómhair
- Shroich foireann peile na mbuachaillí faoi bhun 16 bliana d'aois cluiche ceannais blitz na Mí agus cháiligh siad don chluiche ceannais 'B' i gCúige Laighean Thuaidh
- Shroich foireann cispheile na gcailíní faoi bhun 16 bliana d'aois an cluiche leathcheannais den tsraithchomórtas Thoir Thuaidh
- Rugbaí na gcailíní faoi bhun 16 bliana d'aois agus faoi bhun 18 mbliana d'aois – d'éirigh leo i gcomórtais réigiúnacha
- Seachtain na Meabhairshláinte Dearfaí i mí Dheireadh Fómhair agus Seachtain an Chairdis i mí na Nollag
- Ceoldráma ar feadh 2 oíche – Thank you for the music (Mama Mia) Nollaig '16
- Turais scoláire go dtí: comórtas náisiúnta Treabhdóireachta, Back Stage Productions Longfort, Sábháilteacht Bhóthair AXA an Cabhán, Cuairt chuig an Dáil, Zú Bhaile Átha Cliath, Turas Talmhaíochta go dtí Tiobraid Árann, rinne Meantóirí Piaraí cur i láthair ag an gComhdháil Headstrong i dTeach an Ardmhéara, agus thug Meantóirí Piaraí cuairt ar Choláiste Bhaile Mhic Gormáin chun cuidiú lena gcuid iarrachtaí le córas Piara Meantóra a thabhairt isteach.

Coláiste Naomh Peadar Dún Búinne

Príomhoide: Maureen Murray

Leas-Phríomhoidí: Liam Greene, Deirdre Maye/Paul O'Leary (Ar Scor)

Teileafón: 01 8252552

R-phost: stpeterscollege@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.stpeterscc.ie

Clárú Nollaig 2016: 1,172

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Tá Eolaíocht Talmhaíochta curtha isteach i gclár na hArdteistiméireachta agus tá an tSínis curtha le clár na hIdirbhliana
- Tá an scoil go hiomlán i mbun na Sraithe Sóisearaí nua agus chríochnaigh na scoláirí uile Measúnuithe bunaithe ar an Seomra Ranga i mí na Nollag 2016
- Comhghairdeas le foirne Gaelacha na gcailíní faoi bhun 14 bliana agus 16 bliana d'aois a bhuaigh cluichí ceannais Chúige Laighean. Bhuaigh foireann cispheile na gcailíní faoi bhun 19 mbliana d'aois (Roinn A) cluiche ceannais Réigiúnach an Oirthuaiscirt agus cháiligh siad do Roinn A – Cluiche Ceathrú Ceannais na hÉireann. D'éirigh thar cionn freisin le scoláirí lúthchleasaíochta raon is faiche de chuid Choláiste Naomh Peadar.
- Ceoldráma na scoile in 2016 ba ea *"Into the Woods"* agus d'éirigh thar cionn leis
- Bhí an 10ú turas go dtí an tSín ag Coláiste Naomh Peadar um Cháisc 2016. Rinneadh turais go dtí an Iodáil (4ú/5ú bliain), Lake Garda (lucht na chéad bhliana), An Ghearmáin (Turas Staire), an Ghearmáin agus an Spáinn (Turais Teanga)
- Forbairtí TF – Tugadh infreastruchtúr na scoile suas chun dáta agus cuireadh isteach Wi-Fi
- Ceadaíodh Aonad Riachtanas Speisialta i mí na Nollag 2016. Tá an t-ullmhúchán ag na céimeanna deiridh le tús a chur leis an tógáil ar shíneadh 18 sheomra ina mbeidh seomra Eacnamaíocht Bhaile, seomra Ealaíne, seomra Teicniúil, seomra Ceoil agus seomraí ranga ginearálta. Tá an tionscadal le bheith críochnaithe i mí Dheireadh Fómhair 2017

Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha – DIFE

Príomhoide: David McDonnell

Leas-Phríomhoide: Margaret Donohue/Eilis Flood

Teileafón: 041 9837105

R-phost: info@dife.info

Suíomh gréasáin: www.dife.info

Clárú Nollaig 2016: 856

Éachtaí/Forbairtí

- Tugadh trí chúrsa nua isteach in 2016:
    - Teastas QQI Leibhéal 5 sa Chócaireacht Ghairmiúil
    - Teastas QQI Leibhéal 5 sa Dlí Réamh-ollscoile
    - Cúrsa Réamhpharaimhíochaine arna theastasú ag QQI agus ag na comhlachtaí gairmiúla ábhartha a chuireann cáilíochtaí an Chéad Fhreagróra Éigeandála agus Teicneora Mhíochaine Éigeandála
- Chláraigh DIFE agus BOOLM leis an tionscadal um Dhul Chun Cinn agus Cosáin Ardoideachais de chuid Breisoideachais agus Oiliúna 2 a bhfuil mar aidhm aige rannpháirtíocht fheabhsaithe a mhéadú agus a éascú ó scoláirí breisoideachais agus oiliúna san Ardoideachas. Díríonn an tionscadal go príomha ar naisc chuig Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, DCU, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus DKIT
- Cuireadh cistin den scoth i gcóiríocht shealadach in DIFE chun é a éascú le tús a chur ar líon cúrsaí teastaithe de chuid QQI sa Chócaireacht Ghairmiúil
- Cuireadh isteach áiseanna cúram leanaí chun freastal ar chúrsaí QQI Leibhéal 5 agus an tArdteastas ag Leibhéal 6 i gCúram Leanaí
- Leis an Leabharlann nua do na mic léinn tá tuilleadh feabhais curtha ar na háiseanna den scoth sa choláiste
- Leanann foirne spóirt na bhfear agus na mban ag déanamh ionadaíocht do DIFE sna sraithchomórtais Ardoideachais sa Chispheil, Sacar agus Peil Ghaelach

Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne

Príomhoide: Denis Leonard

Leas-Phríomhoide: Emer Cloak

Teileafón: 01 8026577

R-phost: dunboynecfe@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.dunboynecfe@lmetb.ie

Clárú Nollaig 2016: 600

Éachtaí/Forbairtí

- Tairgeadh áiteanna tríú leibhéal do 90% de na céimithe a raibh dámhachtainí iomlána acu. Cuireadh scoláirí éagsúla sa saol Cúram Leanaí, Cócaireachta, Cúram Sláinte agus Gnó agus thaistil roinnt díobh go dtí an Ríocht Aontanaithe chun staidéar a dhéanamh ar an altranas agus ar an dlí
- Bhí scoláirí rannpháirteach i Sraithchomórtas na gColáistí agus Ollscoileanna de chuid FAI
- Eagraíodh ceolchoirm d'Iontaobhas Peter McVerry Trust agus don NCBI agus chuir scoláirí Ceoil agus Fuaime de chuid Choláiste Dhún Búinne an ceol agus fuaim ar fad ar fáil saor in aisce. Bhí imeachtaí le hairgead a bhailiú d'Ospidéal Leanaí Shráid Temple, Cearta Ainmhithe agus do Chumann Ailse na hÉireann freisin
- Rinneadh forbairt ar an tríú seomra ríomhaireachta ina bhfuil bogearraí ilmheán chun cúrsaí ríomhaireachta nua a éascú – cumarsáid, próiseáil focal chomh maith le cúrsa Ilmheán agus Meán Cruthaitheacha ag Leibhéal 6
- Bhí dhá shearmanas bronnta céimeanna i gCaisleáin Dhún Búinne i mí na Bealtaine ina ndearnadh bronnta ar na scoláirí i ngach réimse ábhair. Bhronn an tAire Helen McEntee agus Thomas Byrne TD cuid mhór de na dámhachtainí.
- D'éirigh thar barr le scoláire spóirt a chríochnaigh ag an mbarr i 3 chomórtas ag cluichí ceannais snámha Shiondróm Down na hEorpa
- Bhuaigh ceithre scoláire boinn óir i gcomórtas cócaireachta idirnáisiúnta san RDS

Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí

Príomhoide: Darragh Roe

Leas-Phríomhoide: Emer Kavanagh

Teileafón: 087 1341007
R-phost: droe@lmetb.ie
Suíomh gréasáin: www.ardricns.ie

Clárú Nollaig 2016: **190**

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Meastóireacht ar an Scoil Uile – Bainistíocht Ceannaireacht agus Foghlaim curtha i gcrích i mí na Bealtaine 2016 ina bhfuarthas go raibh gnóthachtáil foghlama na ndaltaí agus an teagasc ar an iomlán ar fud na scoile go maith. Sa tuarascáil fuarthas gur thacaigh an scoil le folláine na ndaltaí agus cuireadh cultúr chun cinn ina nglactar leis an éagsúlacht
- Rinneadh athmheasúnú ar Thacaíocht d'Oideachas Speisialta ina raibh eagrú na Foirne Oideachais Speisialta i gceist agus bogadh i dtreo stíl tacaíochta a dhíríonn níos mó ar na spriocanna, laistigh den rang agus an comhtheagasc
- Infheistíocht i léitheoirí stoic agus grádaithe, ina bhfuil leanaí anois in ann léamh ag a leibhéil inniúlachta féin agus in ann tabhairt faoi na hábhair agus seánraí is mó a bhfuil spéis acu iontu
- Osclaíodh trí sheomra ranga nua i mí Dheireadh Fómhair 2016 ina bhfuil dhá rang príomhshrutha agus ina bhfuil an Rannóg RSO
- Spórt agus Folláine:
    - Spóirt mhachaire tar éis scoile gach seachtain do na daltaí uile
    - Ceardlanna sna healaíona comhraic, ióga agus bailé
    - Cláir oiliúna sa leadóg, snámh, peil Ghaelach agus rugbaí
    - Ceardlanna sábháilteachta ar rothar do leanaí i rang a dó
    - Téann gach rang ar shiúlóidí go rialta timpeall thailte an champais agus téann na ranganna sinsearacha go dtí an baill chun cuairt a thabhairt ar an leabharlann agus ar thurais go dtí an amharclann
- Na hEalaíona – infheistíocht in acmhainní do na hamharcealaíona agus ceachtanna ealaíne feabhsaithe do leanaí. Tugadh scéimeanna drámaíochta suas chun dáta.

An tIonad um Scolaíocht Eorpach

Stiúrthóir: Nollaig Gavin

Teileafón: 01 8259679

R-phost: ces@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.europeanschooling.eu

Clárú Nollaig 2016: 42

Éachtaí/Forbairtí na Scoile

- Bunaíodh clubanna teanga ISE don Fhraincis, Spáinnis, Gearmáinis agus Iodáilis. Déanann múinteoirí ISE ar cainteoirí dúchais iad, iad a éascú.
- Bhí scoláirí ISE rannpháirteach i gcuid mhór imeachtaí spóirt le Scoil Náisiúnta Naomh Seachnall agus Coláiste Pobail Dhún Seachlainn.
- Bhí scoláirí ISE rannpháirteach sa Seó Mór Ceoil de chuid BOOLM den chéad uair mar scoil aonair. Sheinn ceithre scoláire an vióla, veidhlín agus chan siad lena múinteoir ar ghiotár.
- Tá beirt scoláirí ISE mar bhaill de Cheolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann
- D'eagraigh Comhairle Mac Léinn na mBunscoileanna de chuid ISE líon imeachtaí carthanachta sa bhunscoil thar tréimhse na bliana agus bhailigh siad airgead do Amnesty Idirnáisiúnta, ISPA agus don charthanas Save the Children Refugee.
- Bhunaigh scoláirí ISE Club Scannán áit a dtaispeánann siad scannáin ghearra Eorpacha.
- Bunaíodh cianfhoghlaim do ranganna Portaingéilise le Scoil Eorpach Alicante – trí rang in aghaidh na seachtaine.
- Bunaíodh clubanna teanga ISE don Fhraincis, Spáinnis, Gearmáinis agus Iodáilis. Déanann múinteoirí ISE ar cainteoirí dúchais iad, iad a éascú.
- Mar Scoil Eorpach chreidiúnaithe, déantar Lá Eorpach na dTeangacha a chomóradh gach bliain i mí Mheán Fómhair agus déantar Lá na hEorpa a chomóradh ar an 9ú Bealtaine. In 2016 do Lá na hEorpa thug Taispeántas taistil Eorpach cuairt ar an mbunscoil agus bhí dhá stainnín déag ó thíortha éagsúla a thaispeáin stair, tíreolaíocht, cultúr, traidisiúin, feistis agus teangacha ó na tíortha éagsúla a ndéantar ionadaíocht orthu san ISE. Do Lá Eorpach na dTeangacha bhí gníomhaíochtaí ar siúl i gColáiste Pobail Dhún Seachlainn agus tionscnaimh scéalaíochta i dteangacha éagsúla sa Bhunscoil.

Breisoideachas agus Oiliúint



Seirbhísí Oideachais Phobail

Éascaitheoir Oideachais Phobail: Sinead Fearon

Teileafón: Dún Dealgan - 042 9364627 An Uaimh - 046 9012154

R-phost: sfearon@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- 2,641 foghlaimeoir sna scéimeanna Oideachais Phobail agus BENEFIT IT
- Comhordú déanta ar chlár Deontas Oideachais Phobail an BOOLM agus BENEFIT IIII IT in dhá chontae
- Soláthar déanta de thacaíocht lena mbaineann do ghrúpaí agus eagraíochtaí pobail agus deonacha
- Forbairt leanúnach agus úsáid mhéadaithe d'Ionad Foghlama ALPHA Bhaile Átha Buí
- Mórdhámhachtain Obair Óige QQI ag Leibhéal 5 críochnaithe agus 11 rannpháirtí air agus 9 rannpháirtí cláraithe i Mórdhámhachtain Forbartha Pobail QQI ag Leibhéal 5
- Forfheidhmiú agus bainistíocht ar chórais nua tuairiscithe agus amchláir SOLAS
- Tacaíocht do theagascóirí agus forbairt foirne atá leanúnach
- Cruinniú eolais don phobal eagraithe san Obair agus bhí ionadaithe ann ón earnáil reachtúil, pobail agus dheonach
- Cómhaoiniú clár agus rannpháirteachas i Laethanta Oscailte leis an Seirbhís Foghlama d'Aosaigh san Ionad Oideachais nua d'Aosaigh i mBaile Átha Fhirdhia chun méadú a chur leis an iontógáil sa cheantar
- Teagmháil leis an gclár gníomhachtaithe fostaíochta Jobpath maidir le TF bhunúsach a chur ar fáil do chliaint tríd an gclár BENEFIT 4
- *Creative Spark, Dún Dealgan*: Forbairt Táirgí Ceardaíochta agus Scileanna Gnó don Mhargaíocht – do mhná a bhí dífhostaithe nó as an ionad oibre ar feadh tréimhse ama
- *Ablevision Ireland*: Clár a chur ar fáil i léiriú scannán agus in oiliúint na meán do ghrúpa foghlaimeoirí atá faoi mhíchumas
- Tús curtha le cúrsa Garchabhrach atá creidiúnaithe ag Cros Dhearg na hÉireann – go háirithe do ghrúpaí faoi mhíchumas, dá bhrí sin tá fáil acu ar chreidiúnú

Seirbhís Treorach san Oideachas Aosach

Comhordaitheoirí: Ann Fallon (Louth), Martin Bellew (Meath)

Teileafón: Lú 041 9842030, An Mhí 046 9012167

Email: laegis@lmetb.ie agus maegs@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- I gcomhar leis an Ionad Oiliúna i nDún Dealgan agus an BTEI, bhí siad rannpháirteach go rialta leis na Céimeanna do ghrúpaí Foghlama agus chuir siad ceardlanna ar fáil do na grúpaí Diageo/Skillnet
- Rinneadh líonrú ar Phrótacail Atreoraithe agus feasacht Litearthachta i gcomhar leis an Seirbhís Foghlama d'Aosaigh, Intreo agus an tSeirbhís Fostaíochta Áitiúil
- Cuireadh seisiúin eolais ar fáil do scéimeanna CE agus Grúpaí Pobail i gceantar Lú
- Cuireadh ceardlanna ar fáil so scoláirí lánaimseartha agus páirtaimseartha. San áireamh sna hábhair bhí: Féinmhuinín, Creidimh, Scileanna Inaistrithe, Scileanna Staidéir, CVanna agus Airgeadas don Choláiste
- Riaradh aiseolas agus cuireadh é ar fáil ar thástálacha Inniúlachta agus Pearsantachta dár bhfoghlaimeoirí Aosaigh
- Tugadh tacaíocht d'fhoghlaimeoirí agus do dhaoine eile lonnaithe i Lú, lena gcosáin dul chun cinn, trí sheisiúin treorach agus eolais i ngrúpaí agus duine le duine
- Rannpháirteach in agallaimh LMFM agus Dundalk FM
- Bhí 2,286 cruinniú ar leith ag MAEGS (Seirbhís Treorach Oideachas Aosaigh na Mí) le cliaint nua agus le cliaint atá ann cheana féin, déileáladh le 535 fiosrú ón bpobal i gcoitinne agus cuireadh comhairle ar fáil do 1,508 ball de 110 grúpa sa tréimhse ó mhí Eanáir 2016 go dtí mí na Nollag 2016, ina raibh 4,329 tairbhí mar thoradh air
- Ag Tacú le Foghlaimeoirí san Fhoghlaim (SAIL) – faoin gclár seo cuirtear treoir agus tacaíocht ar fáil sna réimsí seo a leanas: ceardlanna eolais ar an CAO agus Coláistí Breisoideachais, Aighneachtaí ó Mhic Léinn Lánfhásta, Ullmhúchán d'Agallamh, Eolas Deontais SUSI agus Seisiúin Eolais um Oifigeach Rochtana Coláiste
- Chuir MAEGS seirbhísí chun cinn le táblaí eolais rialta a raibh foireann treorach ina mbun, san áireamh sna himeachtaí bhí: imeachtaí DSP, Rochtain Comhpháirtíochta na Mí ar an Rath, Líonra na Mí Níos Déanaí sa Saol, Cultúr agus Oícheanta Oscailte Eolais Scoileanna
- Leanadh ar aghaidh leis na cainteanna Eolais um Dhul Chun Cinn Treorach Ranga a cuireadh ar fáil do ghrúpaí ranga BTEI agus ABE (Bunoideachas d'Aosaigh)

SDOG Dún Dealgan

Comhordaitheoir: Lynne Keery
Teileafón: 042 9364621
R-phost: vtosdundalk@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Laethanta earcaíochta i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí
- Modúl scileanna staidéar curtha le gach clár
- Laethanta comhstaidéir leis an SDOG san Uaimh agus i nDroichead Átha
- Comhtháthú breise den Mheasúnú QQI
- Obair déanta ar an taobh istigh den fhoirgneamh a rinneadh é níos deise le teacht isteach ann

SDOG Droichead Átha

Comhordaitheoir: Elizabeth Cotterell
Teileafón: 041 9830870
R-phost: ecotterell@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Ionadaíocht scoláire ag féile foghlama AONTAS
- Rannpháirteach sna ceiliúrthaí 1916 ar fhreastail an tArd-Mhéara agus ionadaithe áitiúla orthu
- Soláthar treorach agus tacaíochtaí leanúnacha do scoláirí
- Oiliúint ar theagascóirí maidir le cur i láthair ríomhphunann a chomhtháthú
- Cuireadh isteach doirse inmheánacha le haghaidh sábháilteachta agus éifeachtúlachta fuinnimh
- Tugadh na cláir bhána idirghníomhacha suas chun dáta agus cuireadh isteach comharthaíocht dhigiteach

SDOG An Uaimh

Comhordaitheoir: Angela Cahill

Teileafón: 046 9010260

R-phost: vtosnavan@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- D'éirigh thar cionn le scoláirí ina nArdteistiméireacht i líon réimsí ábhair chomh maith le creidiúnú QQI a fháil ag leibhéil 4 agus 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- Rátaí dul chun cinn den scoth sa bhreisoideachas agus san ardoideachas chomh maith le bheith fostaithe do na scoláirí de 2016
- Leanadh ar aghaidh ag bunú nasc láidre le hinstitiúidí tríú leibhéal – Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir tríd an gclár Néalríomhaireachta/Ríomhghnó ag Leibhéal 5 agus Ollscoil Mhaigh Nuad trí na cláir Daonnachtaí agus Eolaíochta de chuid Unistart
- Scoláirí Néalríomhaireachta/Ríomhghnó ag Leibhéal 5 rannpháirteach i Seachtain Fiontair na Mí 2016, a reáchtáil ceardlann dar teideal 'Unleash Your Niche' – a dhírigh ar dhaoine a bhfuil súil acu a ngnó féin a thosú
- Dearadh agus forbairt ar churaclam den bhunchúrsa SDOG atá creidiúnaithe ag Leibhéal 3 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ar a dtugtar 'ReStart Your Learning'. Ar an gcúrsa seo cuirfear réamhrá modhúil um fhilleadh ar oideachas lánaimseartha ar fáil d'fhoghlaimeoirí

Seirbhís Foghlama d'Aosaigh – An Mhí

Comhordaitheoir: Bernie McKevitt

Teileafón: 046 9012156

R-phost: bmckevitt@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Lainseáil oifigiúil de "A Moment in Time" – bailiúchán scríbhinní a chuir grúpa áitiúil de mhná den lucht siúil
- Clár Athlonnaithe Teifeach na hÉireann – Ionad Foghlama Aosaigh Mhaigh Muirí – oiliúint sa Bhéarla agus oiliúint treoshuímh do theifigh atá ag teacht isteach agus iad ina gcónaí i Maigh Muirí
- Tús curtha le modúl neamhchreidiúnaithe nua faoin gcúrsa Ag Ullmhú don Obair dar teideal 'Trash to Cash' – inar spreagadh agus forbraíodh scileanna fiontair
- Réitigh idirghníomhacha le feabhas a chur ar scileanna sa Bhéarla, Mata agus TFC tugtha isteach i ngach rang
- Bhí cúrsaí nua "Exploring a Career" ar siúl i mbliana d'fhoghlaimeoirí ar mian leo níos mó a fháil amach faoi na gairmeacha éagsúla atá ag dul isteach chuig cúrsa Dámhachtana lánaimseartha ag Leibhéal 5
- "Brush up your Skills" – cúrsa gearr nua d'fhoghlaimeoirí a bhfuil scileanna laga acu sa scríbhneoireacht nó sa mhata agus ar mian leo a bheith rannpháirteach i gcúrsaí ar leibhéal níos airde

Seirbhís Foghlama d'Aosaigh Droichead Átha

Comhordaitheoir: Maria Morgan

Teileafón: 041 9830870

R-phost: mmorgan@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Ionad Oideachais Aosaigh nua agus sainithe oscailt i mBaile Átha Fhirdhia, ina raibh an tseirbhís in ann tuilleadh forbartha a dhéanamh dá bharr
- Tá ag éirí go maith leis an gclár Foghlama Teaghlaigh go fóill. Bhí freagairt mhór i gceist agus reáchtáladh níos mó ná 28 clár éagsúla sa scoil DEIS i nDroichead Átha. Táthar ag súil tuilleadh forbartha a dhéanamh sna bunscoileanna i mBaile Átha Fhirdhia agus sna ceantair mórthimpeall air
- Bronnadh Teastas Bliantúil i mí na Nollag 2016 nuair a fuair 150 scoláire teastais QQI ag leibhéil 1, 2, 3 agus 4, chomh maith leis an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht
- Tá sé beartaithe naisc a láidriú leis na fostóirí áitiúla sna ceantair i nDroichead Átha agus i mBaile Átha Fhirdhia tríd an gClár Náisiúnta Scileanna um Obair

Seirbhís Foghlama d'Aosaigh Dún Dealgan

Comhordaitheoir: Mary Reilly

Teileafón: 042 9353591

R-phost: mreilly@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Roghanna dianteagaisc curtha ar fáil do na foghlaimeoirí uile in 2016
- Rinneadh athbhreithniú ar na nósanna imeachta QQI laistigh den tseirbhís – chomh maith leis sin lainseáladh inseirbhís QQI chun tacú le teagascóirí
- Cuireadh raon clár nua agus nuálacha d'Fhoghlaim Teaghlaigh agus Scileanna um Obair le chéile agus ar fáil. San áireamh sna téamaí bhí na nithe seo a leanas – Málaí Scéalta, Teoiric Tiománaí agus Ullmhúchán do Ghairmeacha agus Aistriú isteach chuig an Saol Sibhialta do phearsanra an airm
- Rinneadh an chéad chéim de na príomhthacaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta a chur ar fáil do phrintísigh faoi oiliúint
- Lainseáladh "Our Words, Read On" – bailiúchán scríbhinní a chum agus a scríobh foghlaimeoirí aosaigh ón tSeirbhís Foghlama Aosaigh i nDún Dealgan san Earrach in 2016
- Cuireadh raon deiseanna FGL ar fáil san Ionad do theagascóirí grúpaí agus deonacha le linn 2016
- Tugadh faoi fheachtas cur chun cinn ar éirigh thar cionn leis

Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas Lú

Comhordaitheoir: Sinéad Fearon

Teileafón: 042 9334047

R-phost: sfearon@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Ainmníodh teagascóir ón ionad le bheith rannpháirteach i gClár Oideachais Fiontar EDISON de chuid BOOÉ
- Rinneadh forbairt ar clár socrúcháin Chéimeanna chun Foghlama trí mhéadú a dhéanamh ar mhinicíocht an chúrsa agus trí thabhairt faoi chlár píolótach den mheasúnú BKSB (Tógálaí Bunscileanna agus Eochairscileanna) sna Céimeanna chun Foghlama i nDroichead Átha
- Cuireadh athruithe ar na modúil BTEI ar fáil d'fhoghlaimeoirí ESOL chun roghanna níos oiriúnaí a chur ar fáil d'fhorbairt teangacha
- Rinneadh infheistíocht i ríomhphunanna/acmhainní QQI chun cur leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí a n-iarrtar orthu modúil nua a chur ar fáil
- Tugadh isteach clár sainiúil TF de QQI ag Leibhéal 3 san BTEI chun freastal ar fhoghlaimeoirí a bhfuil beagán taithí nó nach bhfuil taithí ar bith TF acu
- Rinneadh dhá chlár *Positive 2 Work* a éascú – tionscnamh idir an BOOLM, Skillsnet, RCS agus fostóirí chun taithí oideachais agus oibre a chur ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe ar feadh tréimhse fada

Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas An Mhí

Comhordaitheoir: Imelda Prunty

Teileafón: 046 9012153

R-phost: iprunty@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Tugadh isteach cúrsa nua tiomána Mionbhus i gcomhar leis an Ionad Oideachais i nDún Dealgan. Ar an gcúrsa cuirtear deis ar fáil do dhaoine dífhostaithe chun scileanna tiomána mionbhus, oiliúint speisialaithe tiomána agus mórdhámhachtain QQI ag Leibhéal 3 a fháil i scileanna fostaíochta
- Teagasóirí rannpháirteach i dTionscadail AE éagsúla lena n-áirítear iad seo a leanas:
- *ARÍS*
- *Selfie*
- *US & Them*
- Réitigh idirghníomhacha le feabhas a chur ar scileanna sa Bhéarla, Mata agus TFC tugtha isteach i ngach rang chun foghlaimeoirí a fheabhsú i scileanna uimhearthachta agus litearthachta
- Bhí cúrsaí nua "Exploring a Career" ar siúl i mbliana d'fhoghlaimeoirí ar mian leo níos mó a fháil amach faoi na gairmeacha éagsúla atá ag dul isteach chuig cúrsa Dámhachtana lánaimseartha ag Leibhéal 5, roinnt de na hábhair a clúdaíodh ba Cúram Leanaí, Cúram Sláinte agus Gruagaireacht

Dul Chun Cinn Ógtheagmhála/HIWAY

Comhordaitheoir: Eileen Gargan

Teileafón: 046 9021910/9074480

R-phost: egargan@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Ag deireadh 2016 bhí 45 scoláire ar an iomlán, 26 buachaill agus 19 gcailín
- Bogadh isteach chuig foirgneamh nua i mí Aibreáin a chuir deiseanna éagsúla ar fáil do chúrsaí agus gníomhaíochtaí nua
- San áireamh sna háiseanna nua tá cistin lónadóireachta agus polathollán
- Bhí oíche dámhachtainí ann i mí Dheireadh Fómhair ar éirigh thar cionn leis agus fuair cuid mhór scoláirí dámhachtainí
- Fuair 15 scoláire a dTeastais Ardteistiméireachta Feidhmí agus tugadh dámhachtainí freisin don Gharchabhair, Filíocht agus Díospóireacht
- Thug an BOOLM aitheantas dóibh siúd a bhain na torthaí is airde amach sa QQI ag leibhéil 4 agus 5
- Léiríodh físeán frithchiníochais a bhuaigh an Rannóg Ógtheagmhála sa Chomórtas 'Taispeáin an Cárta Dearg don Chiníochas'
- Shroich na scoláirí na céimeanna deiridh de Nuálaithe Sóisialta Óga le tionscadal iontach ar dhaoine gan dídean
- Ghlac scoláirí Ardteistiméireachta Feidhmí páirt sa Chomórtas Iontaobhas Sweetman agus bhuaigh scoláire amháin turas go dtí Parlaimint na hEorpa

Ógtheagmháil Chill Dhéagláin

Comhordaitheoir: Alan Larkin

Teileafón: 01 8359085

R-phost: alarkin@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Rannpháirtíocht na scoláirí in *Feeding Irelands future* – tionscnamh a chruthaigh Freagairt na dTomhaltóirí um an Geilleagar (ECR) agus an Roinn Coimirce Sóisialaí, chun cuidiú le daoine óga atá dífhostaithe iad féin a ullmhú don saol oibre agus iad a chur ar chlár meantóireachta gearr a chothaíonn comhlachtaí atá san earnáil tionscail bhia
- Seachtain *Ag Tabhairt Aire do do Mheabhairshláinte* i mí Dheireadh Fómhair 2016 – bhí cuid mhór den tseachtain seo curtha i leataobh do ghníomhaíochtaí meabhairshláinte lena n-áirítear líon aíonna ar tugadh cuireadh dóibh a bhí i láthair san ionad chun labhairt leis an scoláirí
- *Clár Oideachais Piaraí* i gcomhar le Coláiste De Lacy mar chuid den chlár meán. Chruthaigh na scoláirí scannán gearr ag múscailt feasachta maidir le bheith ag ól faoi aois – é seo i gcomhar le Gradaim Náisiúnta na Meán don Óige de chuid drugs.ie
- *Gaisce* – Ghlac scoláirí páirt sna gradaim Gaisce den chéad uair. Tá an grúpa Gaisce ag cur na ngníomhaíochtaí riachtanacha uile i gcrích leis an ngradam cré-umha a bhaint amach

Ógtheagmháil Cheanannais

Comhordaitheoir: Fiona Graham

Teileafón: 046 9249665

R-phost: fgraham@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Soláthar méadaithe d'ábhair a mhúintear agus a chuirtear i láthair i bhformáid ar líne ag baint úsáide as an mBogearra Adobe.
- Oiliúint ar na baill foirne san Idirghabháil Géarchéime Theiripeach. Mar thoradh air seo cuireadh lena gcumas le comhchur chuige comhtháite a chur ar fáil agus iad obair leis na scoláirí
- Spásanna oibre agus foghlama feabhsaithe nuair a ndearnadh athchóiriú ar an ionad ina raibh níos mó spás seomra ranga, spás oifige breise, limistéar caitheamh aimsire, ceaintín agus soláthar TF
- Buaiteoir an Ghradaim Náisiúnta don fhíseán a léiríodh chun freastal ar an treoir a thug Drugs.ie i dtaca le comórtas an fheachtais. Labhair scoláirí freisin ar an raidió náisiúnta maidir leis an taithí. Chuidigh an tionscnamh seo le muinín na scoláirí ina gcumas le píosaí meán ar líne a chruthú
- Bhí scoláirí rannpháirteach i gceardlanna éagsúla le linn na bliana. D'imigh siad ar thurais oideachais freisin agus rinne siad gníomhaíochtaí ar nós rásaíocht chairtíní agus oighearscátáil
- Bhí na scoláirí rannpháirteach freisin san fholláine, damhsa, ceachtanna ceoil, giomnáisiam, spóirt, snoíodóireacht adhmaid agus socrúcháin oibre

Ógtheagmháil Bhaile Átha Troim

Comhordaitheoir: Mary Hibbits

Teileafón: 046 9431203

R-phost: youthreachtrim@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Bhí baint ag Ógtheagmháil Bhaile Átha Troim i gcispheil cathaoireacha rothaí i mí na Bealtaine, mar chuid den chlár dheireadh na bliana. Thug an IWA seisiún eolais do na scoláirí agus do na baill foirne – a bhí rannpháirteach sa tionscnamh seo – chun an fheasacht faoi úsáid cathaoireacha rothaí agus na ceisteanna maidir le mallachar gluaiseachta a chur chun cinn
- Bhronn Comhordaitheoir Náisiúnta an FAI do pheil scoileanna agus tríú leibhéal, dámhachtainí éagsúla ar scoláirí ag oíche Dámhachtainí bhliantúil an QQI i mí an Mheithimh 2016. Bhronn an FAI feistis spóirt nua ar an ionad freisin chun tacaíocht a chur ar fáil don chlár sacair atá ar fáil san ionad
- D'fhreastail scoláirí ar Shearmanas Bronnta Bhratach na hÉireann i Staid Pháirc an Chrócaigh i mí an Mhárta 2016
- Bhí scoláire Ógtheagmháil Bhaile Átha Troim mar dhuine de na sé scoláire a roghnaíodh go náisiúnta le bheith rannpháirteach sa Chlár Ealaíne Avalon de bharr cé chomh maith agus a bhí a obair ealaíne. Roghnaíodh é a bheith rannpháirteach de bharr an spéis agus cumas a bhí aige sa ghrianghrafadóireacht

Fondúireacht Ógtheagmhála

Comhordaitheoir: Nicola Galvin

Teileafón: 046 9012165

R-phost: ngalvin@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Laethanta oscailte le daoine atá faoi mhíchumas
- Comórtas díospóireachta
- Tús le feasacht um choiriúlacht
- Tionscnaimh um bia sláintiúil don Ionad ar fad
- Tuilleadh soláthair spóirt ar an gclár ama
- Imeachtaí le hairgead a bhailiú agus carthanachta
- Cuairteanna chuig áiteanna ábhair suime náisiúnta
- Athchóiriú ar na seomraí Ealaíne/TF
- Forbairt ar áit súgartha liathróide taobh amuigh
- Athchóiriú ar an ngairdín agus an limistéar bia taobh amuigh
- Soláthar TF feabhsaithe san Ionad

Ógtheagmháil na hInse/Bhaile an Bhiataigh

Comhordaitheoir: Vivienne Branigan

Teileafón: 041 9813401

R-phost: vbranigan@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- I mí Feabhra 2016 cuireadh go mór leis na baill foirne d'Ógtheagmháil na hInse/ Bhaile an Bhiataigh. Ba mhór an rud é don ionad trí bhall foirne nua a bheith ann agus thug siad leo réimse leathan scileanna agus saineolais
- In 2016 forbraíodh tuilleadh Seomra Cluichí an ionaid. Tá an seomra mar sheomra uileghabhálach agus caidrimh do na scoláirí uile inar féidir leo bheith ina suí agus scíth a ligean le linn am lóin
- Mar chuid de thionscadal Erasmus+ atá maoinithe ag an AE dar teideal 'Léitheoirí ar Feadh an tSaoil-LiRe2.0'agus leis an eolas a bailíodh mar chuid den tionscadal – thug scoláirí le fios gur thaitin sé leo níos mó léamh ar mhaithe le pléisiúr agus nach raibh siad chomh tógtha leis chun críche oideachais. Agus é seo curtha san áireamh, thug an t-ionad a leabharlann suas chun dáta bunaithe ar roghanna agus leasanna na scoláirí agus cheannaigh siad cuid mhór leabhar atá suas chun dáta. Léiríodh freisin gur mhian le daoine óga úsáid a bhaint as TF mar uirlis léitheoireachta agus dá bhrí sin cheannaigh an t-ionad roinnt gléasanna táibléid beaga ar féidir a úsáid freisin mar ríomhléitheoir ag baint úsáide as an Aip Kindle

Ógtheagmháil Dhún Dealgan

Comhordaitheoir: Margaret McDonnell

Teileafón: 042 9353591

R-phost: youthreachdundalk@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Bhí na scoláirí rannpháirteach sa Spraoi Mór – seóthaispeántas bliantúil de thallann na nIonad Ógtheagmhála In BOOLM
- Bhí na scoláirí rannpháirteach freisin sa chéad Díopsóireacht Mhór Ógtheagmhála de chuid BOOLM agus bhuaigh siad an chéad áit
- Rannpháirteach sa chlár Bia Shláintiúil "Cook-it" de chud FSS den chéad uair, agus fuair na rannpháirtithe uile teastais
- Chríochnaigh 12 scoláire an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus fuair an gnóthachtálaí is airde in 2016 dámhachtain ag Dámhachtainí Bliantúla um Barr Feabhais Acadúil an BOOLM
- Fuair 5 scoláire Teastais Compháirteanna QQI agus fuair duine amháin Mórdhámachtain QQI ag Leibhéal 3
- Bronnadh gradaim Airgid de chuid Gaisce ar 3 scoláire agus bronnadh gradaim Cré-Umha de chuid Gaisce ar 10 scoláire ag searmanas i mBaile Átha Cliath

Ógtheagmháil Dhroichead Átha

Comhordaitheoir: Gareth Savage/Stephen McArdle

Teileafón: 041 9839917

R-phost: youthreachdrogheda@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Athstruchtúrú na gclár acadúil mar aithníodh go raibh riachtanas ann i measc iarratasóirí le haghaidh leibhéil thosaigh níos ísle do roinnt scoláirí
- Feabhas curtha ar soláthar an churaclaim
- Feabhas curtha ar fhoirgnimh
- Ábhair nua curtha ar fáil ag Leibhéal 3
- Athbhreithniú 4 seachtaine agus athbhreithnithe acadúla do na scoláirí uile
- Rannpháirtíocht i nGradaim Gaisce/An Uachtaráin
- Roghanna scoláirí ar an Aoine – chun feabhas a chur ar an obair foirne i measc scoláirí agus leis an gcultúr, sláinte agus folláine a chur chun cinn
- Bhí 46 scoláire cláraithe amhail i mí na Nollag 2016
- Bhain 7 scoláire an Ardteistiméireacht Fheidhmeach amach
- Rinneadh measúnú ar 102 punann don chreidiúnú ag Leibhéal 3 agus Leibhéal 4 – níos mó ná 21 ábhar

Ógtheagmháil Bhaile Átha Fhirdhia

Comhordaitheoir: Stephen McArdle

R-phost: smcardle@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí

- Ionad Ógtheagmhála nua bunaithe agus ullmhaithe – ní bheidh ar scoláirí taisteal go Carraig Mhachaire Rois, Dún Dealgan nó Droichead Átha le leas a bhaint as an oiliúint do luathfhágálaithe scoile sa cheantar
- Naisc déanta le fostóirí – bunachar sonraí cruthaithe agus rinneadh teagmháil vis Taithí Oibre mhéadaithe agus deiseanna fostaíochta d'fhoghlaimeoirí amach anseo
- Naisc déanta leis an bpobal trí chaidreamh poiblí, an preas, na meáin shóisialta agus rannpháirteach le grúpaí pobail
- Naisc déanta le scoileanna le haistriú níos éasca agus níos dearfaí a bhaint amach ón scoil go dtí Ógtheagmháil
- Baill foirne réidh den chuid is mó, an t-amchlár agus féilire curtha i gcrích. Rinneadh cúrsaí a struchtúrú agus tá siad réidh le mórdhámhachtainí QQI a chur ar fáil ag leibhéil 2, 3 agus 4
- An t-áitreabh le bheith socraithe agus obair le bheith déanta chun an t-áitreabh a thabhairt suas chun dáta
- Foghlaimeoirí nua le bheith cláraithe agus foghlaimeoirí le bheith cláraithe trí QBS/PLSS
- Naisc nua le bheith forbartha agus plé le déanamh maidir le riachtanais Fostóirí vis cáilíochtaí foirne nua

Soláthar Cúrsaí Oíche

- Faoi láthair tá deich n-ionad ina bhfuil Cúrsaí Oíche ag Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí i gContae Lú agus i gContae na Mí. Is iad na Stiúrthóirí/Sealbhóirí Poist i ngach scoil/coláiste den Oideachas Aosach a eagraíonn na cúrsaí oíche go háitiúil.

- Bíonn na cúrsaí ar siúl de ghnáth le linn an Earraigh agus an Fhómhair agus tá siad féinmhaoinithe. De ghnáth maireann na cúrsaí ar feadh 12 sheachtain, ach bíonn líon clár creidiúnaithe sheachtracha a chuirtear ar fáil ar feadh bliana nó dhá bhliain. In 2016, d'éirigh le 3,060 foghlaimeoir na cláir/cúrsaí a chur i gcrích, agus fuair 60% díobh teastasú foirmiúil óon QQI nó ó fhorais Cháiliúcháin um Theastasú Tionscaíoch.

- Leis na cúrsaí oíche bíonn an deis ag foghlaimeoirí bualadh le daoine eile, scileanna nua a fhorbairt agus teastais chreidiúnaithe a bhaint amach agus a d'fhéadfaí deiseanna fostaíochta a chur ar fáil dá bharr. Déanann Scoileanna/Coláistí iarracht freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí aosaigh sna pobail áitiúla agus cláir caithimh aimsire, sainleasa agus chreidiúnaithe ag chur ar fáil don fhorbairt ghairmiúil.

- Is féidir le foghlaimeoirí clárú ar líne ag www.meathnightclasses.ie agus www.louthnightclassess.ie nó freastal ar oícheanta oscailte sna scoileanna a bhfuil baint acu leo.

- San áireamh sna samplaí den réimse leathan de chúrsaí a tairgeadh i rith an Fhómhair agus an Earraigh in 2015 bhí na hEalaíona agus Ceardaíocht, Grianghrafadóireacht, Scileanna Ríomhaireachta, leibhéal idirmheánach agus do thosaitheoirí, ECDL, dul siar ar Mhata agus Béarla na hArdteistiméireachta, Cócaireacht, Damhsa, Pilates, Spáinnis, cothabháil Rothar, Sláinte agus Folláine, Grúmaeireacht Madraí, Haitéireacht, modúil Cúram Leanaí leibhéil 5 agus 6, Modúil Cúram Sláinte, modúil riaracháin Ghnó & Teicneoirí Cuntasaíochta na hÉireann.

Giniúint Ceoil

Stiúrthóir: **Gemma Murray**

Teileafón: **042 9364635**

R-phost: musicgeneration@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.musicgenerationlouth.ie

Ba bhliain ghnóthach é in 2016 do Ghiniúint Ceoil Lú agus cuireadh cláir uirlisí éagsúla ar fáil in 24 scoil ar fud Chontae Lú chomh maith le gníomhaíochtaí leanúnacha i gcúig ionad réigiúnacha don fhoghlaim ceoil i nDún Dealgan, Droichead Átha, Baile Átha Fhirdhia, An Sceachóg agus Dún Léire.

San áireamh sna buaicphointí bhí na nithe seo a leanas:

- **Amhránaithe Óga i nDún Uí Choileáin Domhnach Cásca 2016**

  Bhí an t-ádh le grúpa amhránaithe óga as Lú agus ghlac siad páirt in "A Nation's Voice" Domhnach Cásca 2016 – léiriú lasmuigh agus saor in aisce i nDún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath, arna léiriú ag an gComhairle Ealaíon agus RTÉ, i gcomhar le hArd-Mhúsaem na hÉireann, Cumann Chóir na hÉireann agus Giniúint Ceoil, mar chuid d'Éirinn 2016

- **Léirithe Seóthaispeántais Ceoltóirí Ghiniúint Ceoil Lú 2016**

  Thosaigh clár ceolfhoirne téaduirlisí Ghiniúint Ceoil Lú um Cháisc 2012 faoi cheannaireacht an cheoltóra ghairmiúil áitiúil agus múinteoir Jayne Graham. Ó shin, tá sé tar éis forbairt chun freastal ar thrí leibhéal de cheoltóirí óga – Téaduirlisí Sinsearacha, Téaduirlisí Sóisearacha agus Na Chéad Téaduirlisí. Bíonn cleachtadh ag gach grúpa gach seachtain le linn na tréimhse téarma ag Ceol Oirghialla, Roinn an Cheoil, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DkIT), príomh-bhalleagraíocht de Chomhpháirtíocht Oideachais Cheoil Lú.

  Tá an bhallraíocht oscailte do dhaoine óga a bhfuil taithí bliain amháin ar a laghad acu ag seinm. San áireamh sna príomhléirithe le linn 2016 don ghrúpa bhí rannpháirtíocht i bhFéile Ceolfhoirne Óige de chuid Chumann na hÉireann as Cheoláras Náisiúnta, Baile Átha Cliath (Feabhra 2016) agus rannpháirtíocht i bhFéile Bharócach Bhaile Átha Fhirdhia (Samhain 2016)

- ***Déanann Ambasadóirí Óga Ghiniúint Ceoil Lú léiriú in Áit Chónaithe Ambasadóir Mheiriceá, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath do lucht féachana ina raibh Leas-Uachtarán na Stát Aontaithe Joe Biden agus Ambasadóir na Stát Aontaithe d'Éirinn, Kevin O'Malley i láthair***

  An 25 Meitheamh 2016 i mBaile Átha Cliath: Thaistil cúigear ceoltóirí óga ó Ghiniúint Ceoil Lú go dtí Baile Átha Cliath chun seinm d'aíonna in Áit Chónaithe Ambasadóir Mheiriceá, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath, agus ina raibh Leas-Uachtarán na Stát Aontaithe Joe Biden agus Ambasadóir na Stát Aontaithe d'Éirinn, Kevin O'Malley i láthair. Sheinn na hAmbasadóirí Óga seo – baill d'Ensemble Cruiteanna Ghiniúint Ceoil Lú – stór ceoil fuinniúil agus éagsúil faoi stiúrthóireacht an dteagascóra Deirdre Ní Bhuachalla

Príomhnuálaíochtaí oideachais

- **Naisc Corda 2016**

  D'imigh Giniúint Ceoil Lú i gcomhar le Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann a bhfuil clú uirthi go hidirnáisiúnta le campa samhraidh a reáchtáil ar feadh seachtaine do sheinnteoirí óga téaduirlisí le linn mhí Iúil 2016. Is í an cumadóir Elaine Agnew a stiúir an clár nuálach seo inar tugadh an deis do dhaoine óga a scileanna ceoil i gcoitinne a fhorbairt ina bhfuil tobchumadóireacht, cumadóireacht, na hilmheáin agus cóiriúcháin. Táthar in ann tabhairt faoin Tionscadal le maoiniú ó chomhpháirtíocht Ghiniúint Ceoil na gComhairle Ealaíon, agus chuir Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan na háiseanna ar fáil.

Seirbhísí Óige

Oifigeach Óige: Ian Walker
Teileafón: 042 9334047
R-phost: iwalker@lmetb.ie

Éachtaí/Forbairtí/Dúshláin.

- Tionscadail Maoinithe Chaipitil – Mar gheall ar iarratas ar éirigh leis tríd an BOOLM cuireadh tús leis an tionscadal speisialta don óige (YWI Lú) de chuid Chraobh Rua agus fuarthas maoiniú don tionscadal athchóirithe d'áitreabh i Muirtheimhne Mór, Dún.
- Tionscadal um Shampla de Luach ar Airgead- Mar gheall ar iarratas ar éirigh leis tríd an BOOLM roghnaíodh Forbairt Óige Dhroichead Átha mar cheann amháin de na ceithre thionscadal nua le soláthar seirbhíse atá dírithe ar an óige a chur ar fáil. Chomh maith leis sin fuarthas deontas caipitil athchóirithe freisin chun athchóiriú a dhéanamh ar an áitreabh
- Tionscnamh Infhostaíochta Óige - Mar gheall ar iarratas ar éirigh leis tríd an BOOLM fuair Ionad Óige Dhún Dealgan maoiniú le clár a chur ar fáil ó Ráithe 4 2016 agus in 2017
- An Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn – Ball de chuibhreannas a dhéanann ionadaíocht don BOOLM d'éirigh leis an iarratas le maoiniú a fháil do thionscadal óige nua bunaithe ar fhorbairt phearsanra agus shóisialta dar teideal 'Turning Point' bunaithe i nDroichead Átha (daoine óga a cuireadh amach as scoileanna a ndearna an EWO atreorú orthu)
- Maoiniú um Chlub Óige Deonach Áitiúil – Bronnadh maoiniú ar 38 club Óige ar fud Chontae Lú agus 67 Club Óige ar fud Chontae na Mí
- Rath oideachais – Lean 6 scoláire páirtaimseartha ar aghaidh ag staidéar mórdhámhachtain Obair Óige QQI ag Leibhéal 5 agus chuir siad na 3 mhodúl seo a leanas i gcrích: Úsáid Substaintí- saincheisteanna don obair óige, Cleachtas Forbartha Pobail agus Prionsabail um Cheartas Sóisialta
- Tacaíocht – obair forbartha um Chreat Náisiúnta Caighdeán Cáilíochta leis na Tionscadail Óige, a fhaigheann maoiniú ón RLGÓ uile, Sraith a dó, bliain a haon Ionad Óige Dhún Dealgan agus Obair Óige Éireann de chuid Lú. Leanadh ag cur Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta i bhfeidhm do Ghrúpaí Óige atá á reáchtáil ag oibrithe Deonacha
- Blitz Peile Ógtheagmhála – Bhí níos mó ná 65 rannpháirtí as Ionaid Ógtheagmhála i nDún Dealgan (Ógtheagmháil agus Magnet), Droichead Átha, Cill Dhéagláin agus Baile Átha Troim ann arna reáchtáil ag Dundalk FC faoin gCiste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga i gcomhar leis an FAI

Tionscadail an AE

Tá taithí leathan ag BOOLM maidir le comhordú a dhéanamh ar thionscadail atá maoinithe ag an AE a thugann faoi riachtanais leanaí scoile agus foghlaimeoirí aosaigh agus le bheith rannpháirteach iontu. Leis an gcaoi inar cuireadh na tionscadail i gcrích léirítear inniúlacht an BOOLM chun dul i ngleic le líon cuimsitheach foghlaimeoirí agus an cumas atá aige tionscadail a sholáthar laistigh den bhuiséad agus den tréimhse ama shonraithe. Tá sé seo i gcomhréir le ráiteas misin an BOOLM de bheith tiomanta don bharr feabhais agus nuálaíocht in oideachas na ndaoine óga agus daoine fásta trí sheirbhísí dhinimiciúla a sholáthar atá curtha ar fáil ag foireann ghairmiúil. Tá líon mór acmhainní agus foilseachán á fhorbairt ag an bhfoireann dhílis ónár scoileanna, ionaid Breisoideachais, Oideachais Aosaigh agus Ógtheagmhála a bheidh ár mbaill foirne agus foghlaimeoirí uile in ann a úsáid. Molaimid do dhuine ar bith ar mian leo a bheith rannpháirteach i dtionscadal AE dul i dteagmháil le hoifig na dtionscadal AE ag eburns@lmetb.ie. San áireamh sna samplaí de thionscadail tá na cinn seo a leanas:

- **Éiceachórais Nuálaíochta (Innovation Eco Systems):** Is é ata i gceist leis an tionscadal seo ná cuir chuige nuálaíochta nua a aithint, a thástáil agus a fhorbairt agus tástáil a dhéanamh orthu sa sféar VET (Gairmoideachas agus Gairmoiliúint) a mbeadh féidearthacht príomhshruthaithe acu.
- **Léitheoirí ar Feadh an tSaoil (Lifelong Readers) 2.0:** Sa tionscadal seo tarraingítear ar an taithí ar fad a bhí sa tionscadal Léitheoirí ar Feadh an tSaoil 1.0 (LiRe) a bhí ann roimhe seo. Dírítear ar spreagadh agus treoir a thabhairt agus éascú a dhéanamh ar chultúir agus pobail léitheoireachta a chruthú i measc luathdhéagóirí agus déagóirí, agus i measc mac léinn ollscoile agus daoine fásta freisin ach úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí Web 2.0, amhail wikis, blaganna, twitter, Facebook agus cineálacha eile den léitheoireacht dhigiteach/shóisialta agus “Leabhair ag caint” (“book-talking”)
- **DIDO:** Sa tionscadal seo déanfar forbairt ar fhoireann acmhainní forbartha gairmiúla leanúnacha do mhúinteoirí, oiliúnóirí, meantóirí agus comhairleoirí a fhreastalóidh ar riachtanais theagascacha na ndaoine gairmiúla atá ag obair le réimse de thimpeallachtaí foghlama ionaid oibre éagsúla.
- i- **Decide:** Is tionscadal ceannródaíoch é seo, agus is é an aidhm atá ann tacaíocht a thabhairt don lucht déanta beartais, ceannairí scoile agus oideoirí ar conas beartais agus cleachtais uileghabhálacha a fhorbairt ina scoileanna.

Dearbhú Cáilíochta agus Teastasú sa Bhreisoideachas & Oiliúint

San Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas & Oiliúint) 2012 éilítear ar sholáthraithe a gcuid nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a leagan amach a chuireann an cháilíocht chun cinn agus a thacaíonn léi sna cláir oideachais agus oiliúna a thairgtear. Is téarma é Dearbhú Cáilíochta a úsáidtear go hiondúil le cur síos a dhéanamh ar na próisis a dhéanann iarracht a chinntiú go mbaineann an timpeallacht foghlama tairseach cáilíochta inghlactha amach, agus ba chóir go mbeadh sé mar bhonn agus taca ag gníomhaíochtaí uile an BOO. Sna Príomhthreoirlínte DC Reachtúla a foilsíodh le déanaí a bhí forbartha ag an QQI (Aibreán 2016), aithníodh na réimsí seo a leanas mar ghnéithe ar chóir don tsoláthraí tabhairt fúthu faoi na ceithre phríomhthéama lena n-áirítear iad seo a leanas: Bainistíocht Cáilíochta, Seachadadh Clár, Soláthar Eolais agus Monatóireacht agus Athbhreithniú.

Uimhreacha Teastaithe do 2016

As na gnéithe tábhachtacha éagsúla den tseirbhís cáilíochta a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí san BOOLM, réimse amháin inar féidir le foghlaimeoirí agus fostóirí araon breathnú air chun an dul chun cinn agus an méid atá bainte amach a thomhas ná an teastasú. In 2016, bhí 9547 dámhachtain ar an iomlán a bronnadh ar fhoghlaimeoirí, a bhí comhdhéanta de 1303 mórdhámhachtain agus 5904 miondámhachtain nó dámhachtain comhábhair. Ba mhná iad 59% de na rannpháirtithe uile agus ba fhir iad an 41% eile. Aithnítear na catagóirí aoise mar seo a leanas:

- 40%: 15-24 bliana d'aois
- 17%: 25-34 bliana d'aois
- 20%: 35-44 bliana d'aois
- 16%: 45-54 bliana d'aois
- 7%: 55 bliana d'aois agus níos sine

Ba iad na príomhréimsí staidéir ar thug foghlaimeoirí fúthu ná:

- Cláir chineálacha agus foghlaim ghinearálta – 2897 dámhachtain
- Sláinte & Leas – 1793 dámhachtain
- Riarachán Gnó & Dlí – 1289 dámhachtain
- Seirbhísí – 1459 dámhachtain
- Na hEalaíona & Daonnachtaí – 695 dámhachtain

Réimsí staidéir eile ba ea TFC, Talmhaíocht Foraois Iascaigh & Tréidliacht, Eolaíochtaí Sóisialta, agus Déantúsaíocht Innealtóireachta & Tógáil, a léiríonn réimse leathan soláthair san BOOLM. Ar an iomlán ba chóir iarracht a dhéanamh go mbeadh an Dearbhú Cáilíochta mar phróiseas leanúnach agus an aidhm a bheadh ann ná na caighdeáin agus an taithí a choinneáil agus a fheabhsú d'fhoghlaimeoirí. Ba chóir go mbeadh sé mar infreastruchtúr ina bhfuil tacaíocht ar fáil a théann trí na gníomhaíochtaí uile ar fud na heagraíochta agus dá bhrí sin pobal cleachtais á fhorbairt atá tiomanta don tsoláthar cáilíochta.

Ionad Oiliúna Dún Dealgan

Bainisteoir Oiliúna an Cheantair: Ray Murphy/ Peter Egan

Teileafón: 042 9355700

R-phost: recep.rst@lmetb.ie

Suíomh gréasáin: www.rstc.ie

Éachtaí/Forbairtí

Cúrsaí Nua

- Ba bhliain an-ghnóthach a bhí ann in 2016 don Ionad Oiliúna nuair a lainseáladh líon clár margadh saothair atá ceannródaíoch agus ábhartha chun freastal ar riachtanais an tionscail. Tar éis ár gcuid teagmhála leis na páirtithe leasmhara, pleanáil bhreisoideachais agus oiliúna agus eolas faoin margadh saothair a bhailiú, is iad seo a leanas roinnt de na cláir a thosaigh in 2016:

    - CPD - Cuntasóir Poiblí Deimhnithe (Bliain 1)
    - Iniúchóirí um Fhuinneamh Inbhuanaithe (i gcomhar leis an SEAI)
    - Dioplóma san TFC (Gairmiúil Comhlach)
    - Staidéar Gairneoireachta
    - Clár Tacaíochta Teagmhála Ionaid Ghlaonna.

Rollú Nollaig 2016

- In 2016 bhí beagnach 3,000 tairbhí ag an Ionad Oiliúna ó thaobh soláthair oiliúna trí raon éagsúil de sholáthar agus samhlacha oiliúna, is iad sin Ionlár, Oiliúint ar Conradh, Printíseachtaí, Oiliúint Pobail agus Oiliúint san Oíche

Foirgnimh/Uasghráduithe/Feabhsúcháin

- I rith 2016 cuireadh tús le hoibreacha móra agus cuireadh iad i gcrích le háiseanna ceardlainne an ionaid oiliúna a athchóiriú agus a thabhairt suas chun dáta. San áireamh sna hoibreacha seo rinneadh an cheardlann Déantúsaíochta Miotail a athlonnú in éineacht le cumas táthúcháin agus innealra nua
- I rith 2016 freisin rinneadh an cheardlann táthúcháin a athlonnú. Rinneadh é seo ionas go bhféadfaí tús a chur le hoibreacha móra le ceardlann nua agus is nua-aimseartha de Phrintíseacht um Fheistiú Píobáin a chruthú, ina mbeidh an t-ionad oiliúna in ann ní hamháin céim 2 a chur ar fáil, ach céim 4 agus 6
- I mbliain ghnóthach do thionscadail tógála rinneadh áis nua-aimseartha nua a atógáil chun ceardlanna den scoth a chur ar fáil dár gceardlanna Uirliseoireachta, Innealtóireachta agus Cearpantóireachta agus Siúinéireachta
- Chomh maith leis sin i rith 2016 rinneadh athchóiriú a bhí de dhíth ar Ionad Oiliúna Pobail Magnet agus cuireadh isteach 3 sheomra ranga agus cuireadh spás nuálach agus nua-aimseartha le haghaidh oiliúna agus scileanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí

Printíseacht

- Leanann an Bhainistíocht Printíseachta ina bhfuil monatóireacht ar an láthair oibre, printísigh a chlárú agus seirbhís chomhairleach d'fhostóirí i gceist, ag fás go láidir. Faoi láthair tá níos mó ná 450 Fostóir agus níos mó ná 600 Printíseach gníomhacha
- D'ardaigh cláruithe printíseachta go suntasach de bharr fostaíochta méadaithe agus le 268 clárú in 2016 san BOOLM, ba é ceann amháin de na cinn is airde sa tír
- Leanann Printíseachtaí Céinm 2 san Ionad Scileanna Réigiúnacha & Oiliúna ag fás agus ag méadú ó thaobh acmhainne de. In 2016 chuir an t-ionad 16 iontógáil ar fáil thar 8 gceird éagsúla ina bhfuil 220 printíseacht i gceist
- Rinne an tIonad Oiliúna bainistíocht agus sceidealú ranganna Printíseach Céim 4 agus Céim 6 i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan. Rinne 17 gclár de Chéim 4 agus 6 a chur ar fáil do bheagnach 300 Printíseach sa Leictreach, Cearpantóireacht agus Siúinéireacht, Mótarmheicnící agus Leitreach

Forbairt TF

- I rith na bliana lainseáladh na leaganacha ceardaíochta nua ina raibh táibléid TF a chur ar fáil do phrintísigh i gceist. Tharla sé seo ag an am céanna agus a lainseáladh Wi-Fi laistigh den ionad
- In 2016, mar thoradh ar thionscadal mór a bhí ann bhí an tIonad Oiliúna mar cheann amháin de na hionaid oiliúna cheannródaíocha a bhog ón infreastruchtúr TF SOLAS, go dtí a Líonra BOO neamhspleách féin, ina bhfuil infreastruchtúr agus ailtireacht freastalaí, ina bhfuil níos mó smachta agus féinrialachais sna cúrsaí a bhaineann leis an TFC cosaint sonraí etc.
- In 2016 fuair an tIonad Oiliúna an tÉacht "Gradam Ionaid Bharr Feabhais den Scoth" mar gheall ar bharr feabhais ó thaobh Oiliúna TF, lena n-áirítear teastais éagsúla Adobe, Autodesk agus Microsoft, a chur ar fáil

Dámhachtainí/Éachtaí Scoláirí

- I mí na Samhna bhí searmanas Dámhachtainí Printíseachta ag an Ionad sa Crowne Plaza. D'éirigh thar cionn leis an ócáid agus bhí líon mór daoine i láthair a fuair a nArdteastas – Ceardaíocht agus cheiliúr siad a raibh bainte amach acu lena dteaghlaigh.
- Bhronn an tIonad Oiliúna an 'Dámhachtain Ambasadóra Printíseachta' den chéad uair ar Margaret Reilly, Stiúrthóir Bainistíochta ar CTR Manufacturing & Grand Designs Droichead Átha. Is urlabhraí iontach í Margaret den tsamhail printíseachta ó thaobh oiliúna de agus scileanna, eolas agus cumais a chur ar fáil.

Eile

- Trí Sholáthar Oiliúna Pobail sholáthair agus thacaigh an tIonad Oiliúna le 9 dtionscnamh Oiliúna Áitiúla ar fud Lú agus na Mí. Baineann foghlaimeoirí a fhaigheann tacaíocht LTI atá faoi mhíbhuntáiste tíreolaíoch agus sóisialta cáilíocht agus fostaíocht amach. D'imigh an chuid is mó de na foghlaimeoirí a chríochnaigh ag obair nó ar aghaidh chuig cláir bhreisoideachais agus oiliúna
- Cuireann Ionad Oiliúna Pobail Magnet áiteanna ar fáil d'fhágálaithe scoile i raon clár phraiticiúla mórdhámhachtainí QQI ag Leibhéil 3, 4 agus 5 ar an NFQ

Chuir an tIonad Oiliúna oiliúint ar fáil freisin do thart ar 150 foghlaimeoir a bhfuil tacaíocht ard de dhíth/ riachtanais speisialta acu i Lú agus sa Mhí trí chomhpháirtíocht leis an Líonra Náisiúnta Foghlama.

Tacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta

Airgeadas

Acmhainní Daonna

Seirbhísí Corparáideacha agus Oideachais

Tá Stiúrthóireacht Thacaíocht agus Fhorbairt na hEagraíochta i mbun athstruchtúrú a dhéanamh. Is iad seo a leanas aidhmeanna an athstruchtúraithe:

- Idirghníomhaíocht níos éifeachtaí leis na seirbhísí tosaigh a fhaigheann tacaíocht ón Stiúrthóireacht a chur chun cinn
- Áit amháin do gach feidhm faoin stiúrthóireacht a bhaint amach
- Na seirbhísí sin atá in oiriúint ar a chéile a chomhlonnú faoi gach piléar den stiúrthóireacht.

Is iad spriocanna na Stiúrthóireachta ná feabhas a chur ar na próisis agus nósanna imeachta sin a chuireann leis an dea-rialachas corparáideach san BOOLM lena chinntiú go mbaintear leas as na hacmhainní daonna, airgeadais agus infreastruchtúir atá oiriúnach leis na seirbhísí tosaigh a chur ar fáil ar fud na heagraíochta.

Airgeadas

BOO Lú agus na Mí
Tuarascáil Airgeadais Bhliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016

(1) Achoimre

		€
Caiteachas		
Scoileanna agus An Phríomhoifig		
	Pá	55,223,852
	Eile nach Pá é	3,857,676
	Cláir Ghaolmhara (Scoileanna)	2,006,887
Breisoideachas agus Oiliúint		
	Ógtheagmháil	4,821,719
	SDOG	2,268,360
	Treoir san Oideachas Aosach	294,394
	Litearthacht d'Aosaigh	1,561,637
	Oideachas Pobail	577,328
	Filleadh ar an Oideachas	1,312,321
	Iar-Ardteistiméireacht (nach n-íoctar)	725,498
	Breisoideachas eile	1,511,900
	Ionad Scileanna Réigiúnacha agus Oiliúna	17,428,785
Scoláireachtaí agus deontais		76,154
Seirbhísí Óige		327,410
Gníomhaireachtaí agus Féinmhaoiniú		10,754,485
Caipiteal		15,347,612
Iomlán		**118,096,018**
Fáltais Iomlána		**117,166,074**
Barrachas/(easnamh)		**(929,944)**

(2) Tráchtaireacht

Tháinig an t-easnamh chun cinn in 2016 mar gur tugadh barrachais ar aghaidh ó 2015 i dtaca le Breisoideachas & Oiliúint agus Caipiteal. Bhí an caiteachas 18% níos airde ná mar a bhí sé in 2015, den chuid is mó mar gheall ar an gclárú níos airde i scoileanna a chruthaigh líon méadaithe de mhúinteoirí agus mar gheall ar an méadú faoi dhó ar an gcaiteachas ar fhoirgníocht scoileanna.

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

I gcomhréir leis na scálaí pá a d'fhaomh an Roinn Oideachais agus Scileanna, thuill an Príomhfheidhmeannach tuarastal de €121,070.48 (gan ÁSPC an fhostóra san áireamh) le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2016. Níor thaistil an Príomhfheidhmeannach thar lear chun críche gnó an BOO le linn na tréimhse. Is ball de scéim sochair shainithe neamh-mhaoinithe na hearnála poiblí é an Príomhfheidhmeannach agus ní théann na teidlíochtaí pinsean níos faide ná na gnáth-theidlíochtaí atá ar fáil faoin scéim.

Costais Bhaill an Bhoird BOOLM

I gcomhréir le riachtanais na Roinne Oideachais agus Scileanna – Imlitir 0018/2015, tugann an tábla seo a leanas breac-chuntas ar chostais Bhaill an BOO.

Louth and Meath Education And Training Board = BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LÚ AGUS NA MÍ

Board members' expenses = Costais na mball den Bhord;

Expenses are paid ….. meetings. = Íoctar costais le baill den Bhord as an taisteal a dhéantar chuig cruinnithe a bhaineann leis an mBord.

The aggregate ….. 31st of December 2016: Is iad seo a leanas na costais chomhiomlána a íocadh le gach ball sa dá mhí dhéag go dtí an 31 Nollaig 2016:

Board member = Ball den Bhord; Statutory Meetings = Cruinnithe Reachtúla; Interview Boards T & M = Boird Agallaimh T & M; Interview Board Fees = Táillí do Bhoird Agallaimh; Attendance at Conferences / Seminars = Tinreamh ag Comhdhálacha / Seimineáir; Other = Eile; Total = Iomlán; No. Board Meetings Attended = Líon na gCruinnithe Boird ar Freastalaíodh Orthu; Total No. Meetings held in 2015 = Líon Iomlán na gCruinnithe a bhí ar siúl in 2016; Total = Iomlán Chair = Cathaoirleach

Louth and Meath Education and Training Board

Board members' expenses

Expenses are paid to Board members for travel to Board-related meetings.

The aggregate expenses paid to each member in the twelve months to 31st December 2016 were:

	Board Member	Statutory Meetings	Interview Boards T&M	Interview Boards Fees (1)	Interview Pay	Attendance at Conferences / Seminars	Other	Total	No Board Meetings Attended	Number of Board meetings held in 2016
		€	€	€	€	€	€	€		
1	Oliver Tully (Chair)	622	359	1,228	0	2,609	184	5,001	7	7
2	Cormac Bohan	541	32	0	0	77	0	650	5	7
3	Alan Breathnach	0	0	0	0	0	0	0	4	7
4	Marianne Butler	122	0	65	0	0	0	187	3	7
5	Sean Carey	461	0	0	0	0	0	461	7	7
6	Catherine Clair	645	0	0	0	0	0	645	5	7
7	Jennifer D'Arcy	315	0	0	0	680	0	995	5	7
8	Trever Golden	189	0	0	0	0	0	189	4	7
9	Siobhan Greer	155	340	423	0	0	0	918	4	7
10	Wayne Harding	456	839	5,785	0	676	336	8,092	7	7
11	Nick Killian	801	261	1,118	0	70	0	2,249	7	7
12	Caroline Lynch	150	0	0	0	93	0	244	4	7
13	Ciaran O'Donnell	663	33	0	0	728	0	1,424	5	7
14	Ashimedy Okonkwo	311	0	0	0	641	0	952	3	7
15	Damien O'Reilly (2)	525	0	0	0	801	0	1,326	4	7
16	Liam Reilly	220	0	0	0	0	0	220	4	7
17	Sarah Reilly	329	351	1,410	0	0	153	2,242	4	7
18	Tomás Sharkey	0	54	0	0	0	0	54	6	7
19	Bill Sweeney	907	161	780	0	412	0	2,259	7	7
20	Sharon Tolan	829	363	925	0	0	0	2,117	4	7
21	Maeve Yore	236	0	0	0	0	0	236	4	7
		8,477	2,792	11,735	0	6,787	672	30,464		

(1) Amounts shown for Interview Board Fees are gross before applicable taxation.

(2) Sean Smith resigned from the LMETB Board on 13 December 2015. He was replaced by Damien O'Reilly on 24 March 2016.

(1) Amounts shown for Interview Board Fees are gross before applicable taxation = Is méideanna comhlána iad na méideanna a thaispeántar do Tháillí do Bhoird Agallaimh sula mbaintear an cháin díobh.
(2) Sean Smith resigned from ….. 24 March 2016. = D'éirigh Sean Smith as Bord an BOOLM ar an 13 Nollaig 2015. Tháinig Damien O'Reilly i gcomharbacht air ar an 24 Márta 2016.

Acmhainní Daonna

Chuir Rannóg na Acmhainní Daonna an BOO Lú agus na Mí tacaíocht ar fáil do 2,182 le linn 2016. Is é an aidhm atá againn ná foireann den scoth a mhealladh agus a choinneáil agus tacú leo ina gcuid fostaíochta ach na struchtúir, polasaithe agus nósanna imeachta dea-chleachtais AD a fhorbairt agus a choinneáil. Is iad seo a leanas na heochairsheirbhísí a chuireann Rannóg na nAcmhainní Daonna ar fáil:

Earcaíocht agus Roghnúchán

Déantar folúntais do bhaill foirne an BOOLM a fhógairt ar líne ar www.etbjobs.ie, educationposts.ie, publicjobs.ie agus sna phreas áitiúil agus náisiúnta. www.etbjobs.ie, agus faightear na hiarratais ar líne. Fógraíodh réimse leathan de phoist le linn 2016 lena n-áirítear - Príomhoide, Leas-Phríomhoide, Stiúrthóir, Múinteoir, Comhairleoir Oiliúna, Comhordaitheoir SDOG agus Ógtheagmhála agus Oibrí Acmhainne, Teagascóir Printíseachta, Cúntóir Riachtanas Speisialta, Oifigeach Cléireachais, Feighlí agus Glantóir.

Líon iomlán na bpost a fógraíodh agus a líonadh in 2016 ba ea 374 i gcomparáid le 267 in 2015 – méadú 40%, bliain ar bhliain. Fuair BOOLM 3,234 iarratas ar an iomlán via etbjobs.ie.

Faomhadh ceapacháin le haghaidh Poist Fhreagrachta do scoileanna nua agus do scoileanna a thit faoin tairseach a bhí socraithe ag an ROS. Líonadh Poist Príomhoide Cúnta i 10 scoil de chuid an BOOLM le linn 2016.

Bainistíocht ar Leithdháileadh agus Úsáid na mBall Foirne

Líon iomlán na mball foirne teagaisc amhail i mí na Nollag 2016 – 858.30 cl i gcomparáid le 805.44 cl 2015 (méadú 7%). An taifeadadh ar líon iomlán na mball foirne neamhtheagaisc ina bhfuil baill foirne Bainistíochta agus Riaracháin, baill foirne tacaíochta um Chothabháil, Ionad Oiliúna Réigiúnach lena n-áirítear teagasc, baill foirne den SDOG agus Ógtheagmhála san áireamh, i mí na Nollag 2016 ba ea 237.73 cl. i gcomparáid le 225.12 i mí na Nollag 2015 (méadú 6%). Poist cheadaithe maidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta i mí na Nollag 2016 ba ea 78.25 cl i gcomparáid le 75.25 cl i mí na Nollag (méadú 4%).

Riarachán Pá

Is é seo a leanas an ghníomhaíocht a bhí ar siúl le linn 2016 maidir le riarachán pá:

Catagóir	Iomlán
Líon na dtosaitheoirí 2016	317
Líon na ndaoine a d'fhág 2016	130
Líon na gcoigeartuithe ar thuarastal 2016	884 coigeartú
Líon na gcoigeartuithe maidir le reáchtáil pháirtaimseartha	328 coigeartú
Líon na n-iarratas ar chreidmheas incriminteach 2016	78 cás
Líon na ráiteas seirbhíse a cuireadh ar fáil	90 ráiteas

Bainistíocht ar Shaoire Foirne

San áireamh sna taifid foirne eile ar fad a coinníodh bhí neamhláithreachtaí foirne mar gheall ar thinneas, saoire bhliantúil, saoire atruach, saoire force majeure, saoire gan phá, fleisc-am agus comhaid phearsanta tugtha suas chun dáta i gcomhréir le riachtanais iniúchta/eagraíochtúla. Is iad seo a leanas na hiarratais saoire bhreise a próiseáladh le linn 2016:

Catagóir	Iomlán
Líon na nIarratas ar Shaoire Mháithreachais 2016	61
Líon na nIarratas ar Shaoire Thuismitheoireachta 2016	71
Iarratais ar Shos Gairme a ceadaíodh 2015/2016	24
Postroinnteoirí a ceadaíodh 2015/2016	30

Riarachán Aoisliúntais/Pinsean

Déantar iarratais ar shochair dul ar scor a ríomh agus a fhaomhadh le haghaidh íocaíochta tar éis athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar stair seirbhíse an fhostaí. Líon iomlán na ndaoine a d'imigh ar scor a próiseáladh le linn 2016 ba ea. San áireamh in obair eile san aoisliúntas tá – iarratais ar aistriú seirbhíse chun críche aoisliúntais, iarratais ar iarsheirbhís neamh-ináirithe a cheannach, Meas-seirbhís a cheannach, Iarratais ar ráitis seirbhíse, Aisíocaíochtaí aoisliúntais/aiscí a íoc ar ais, Ceisteanna maidir leis Ceisteanna maidir leis An Scéim um Luathscor Costas-Neodrach, Dul ar Scor de bharr Drochshláinte.

Treoirlínte ROS a chur i bhfeidhm

Éilítear ar Rannóg Acmhainní Daonna an BOOLM rialacháin agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna. Is iad seo a leanas na polasaithe agus nósanna imeachta a thug AD le linn 2016:

C/L 0066/2015, 0067/2015, 0068/2015, 0069/2015, 0073/2015 agus 0083/2015 – Athbhreithniú ar thuarastail do ghráid foirne éagsúla le héifeacht ón 1ú Ean 2016.

C/L 0002/2016 – Leithdháileadh Ceadaithe de Phoist Teagaisc sa Scoilbhliain 2016/2017.

C/L 0018/2016, 0019/2016, 0020/2016 and 0022/2016 – Síneadh breise den tréimhse chairde do Shochair Aoisliúntais i dtaca leis na catagóirí éagsúla ball foirne den BOOLM.

C/L 0025/2016 – Nósanna Imeachta Cur Chun Cinn agus Achomhairc Athbhreithnithe um cheapachán Príomhoide Cúnta, Múinteoir Dualgas Speisialta agus Comhordaitheoir Cláir.

C/L 0027/2016, ***C/L 0047/2016 and C/L 0049/2016*** – Iontrálaithe Nua sa Teagasc agus i ngráid foirne eile tar éis an 1ú Eanáir 2011 agus tar éis an 1ú Feabhra 2012 – Aitheantas de Sheirbhís Phoiblí Roimhe sin i mBallstát eile den AE.

C/L 0030/2016 – Dul in éag na mBeart Incriminte faoi Théarmaí Chomhaontú Bhóthar Haddington.

C/L 0031/2016 – Tús curtha leis na Riachtanais Reachtúla do Ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána

C/L 0032/2016 – Polasaí agus Nósanna Imeachta chun déileáil leis na Ró-íocaíochtaí Tuarastail a Théarnamh.

C/L 0057 and C/L 0058/2016 – Scéim Saoire Atharthachta do Mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta i mBunscoileanna agus Iarbhunscoileanna Aitheanta.

C/L 0059/2016 – Nósanna Imeachta agus Ord athbhreithnithe chun Poist/Uaireanta Oidí atá ar Fáil a Líonadh (Athbhreithniú ar C/L 0034/2009).

C/L 0062/2016 – Riachtanais Taithí, Cáilíochtaí agus Cáilitheachta um Earcaíocht Oifigeach Oideachais Aosaigh.

C/L 0065/2016 – Saoire Uchtála do na baill foirne Uile seachas Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta in BOOanna.

C/L 0066/2016 – Saoire atharthachta do na baill foirne Uile den BOOLM seachas Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

Tús le Polasaithe agus Nósanna Imeachta AD nua

Cuireadh i bhfeidhm na nósanna imeachta athbhreithnithe a comhaontaíodh go Náisiúnta le linn 2016 tar éis don BOOLM glacadh leo:

- Nós Imeachta Casaoide don Fhoireann atá fostaithe ag na Boird Oideachais agus Oiliúna
- Polasaí um Chosc ar Bhulaíocht – Nós Imeachta Gearán d'fhoireann an BOO
- Polasaí um Chosc ar Chiapadh/Ciapadh Gnéis – Nós Imeachta Gearán d'fhoireann an BOO

Oiliúint agus Forbairt

Tá BOO Lú agus na Mí tiomanta go mór do thacaíocht leanúnach a thabhairt d'fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil na mball foirne, agus déanann sé gach iarracht spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do na baill foirne le fáil ar chláir fhorbartha ghairmiúla a léiríonn riachtanais an duine aonair, a scoile/ionaid agus BOO Lú agus na Mí.

Tarlaíonn oiliúint agus forbairt in BOO Lú agus na Mí ag leibhéal áitiúil agus lárnach agus bíonn gníomhaíochtaí san áireamh ar bhonn foirmiúil agus neamhfhoirmiúil. San áireamh sna gnáthghníomhaíochtaí forbartha tá seimineáir, cláir oiliúna fhoirmiúla (e.g. oiliúint BOOÉ; ionduchtú etc.), grúpaí líonraithe agus seisiúin chóitseála neamhfhoirmiúla. Déanann AD lá ionduchtaithe a chomhordú do bhaill foirne nua gach bliain agus déanann an Rannóg AD na hiarratais uile ar chláir inseirbhíse/oiliúna a phróiseáil.

Tacaíocht d'Fhostaithe agus Caidreamh Fostaithe

Freagraíonn baill foirne AD d'iarratais ar thacaíocht d'fhostaithe tríd an Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe/Seirbhís Sláinte Ceirde.

Seirbhísí Corparáideacha agus Oideachais

Soláthar

Is é atá i gceist le Soláthar Poiblí oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí na gComhlachtaí Poiblí, is cuma má tá sé faoi chonradh foirmiúil nó mura bhfuil, agus is é an BOOLM ceann díobh seo. Cuimsíonn sé gnáthsholáthairtí nó gnáthsheirbhísí a cheannach nó tairiscintí foirmiúla a lorg agus conarthaí a chur i bhfeidhm do thionscadail infreastruchtúrtha mhóra.

Oibríonn an BOOLM leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR), na Seirbhísí Soláthair Oideachais (SSO) agus leis an BOOÉ le hoibreacha, soláthairtí agus seirbhísí a sholáthar. Leis seo faightear réidh le dúbláil a dhéanamh agus cinntítear luach ar airgead. Cinntítear freisin go bhfuil an saineolas agus taithí soláthair atá ann curtha chun tairbhe agus in úsáid i gcónaí do gach gníomhaíocht soláthair.

In 2016 rinne an Oifig um Sholáthar maoirseacht ar 68 comórtas soláthair, fógraíodh 25 díobh seo ar shuíomh gréasáin www.etenders.gov.ie, 23 comórtas náisiúnta (nach raibh san IOAE) agus 2 cheann in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IOAE). Baineann an BOOLM úsáid freisin as na creataí OSR le haghaidh soláthairtí agus seirbhísí chun an chumhacht soláthair is fearr a bhaint amach agus lena chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais dhleathacha.
Coinníonn Oifig um Sholáthar an BOOLM scoileanna agus ionaid suas chun dáta go rialta maidir le conarthaí nua nuair a dhéantar iad a lainseáil agus cuirtear bainistíocht conartha ar fáil do na seirbhísí agus soláthairtí uile.

Tionscadail Soláthair do 2016	
Comórtais ríomhThairiscintí • Nach raibh in IOAE 23 • IOAE 2	25
RFQ/RFT faoi €50,000	24
Comórtais Creata	16
Síneadh Conarthaí atá Ann Cheana Féin le go mbeidh Soláthar OSR/BOOLM ann	3
IOMLÁN	**68**



San áireamh sna tionscadail Caipitil in 2016 tógadh scoil nua do 500 dalta i Maigh Dearbhaí. Rinneadh dul chun cinn freisin ar phleananna do scoil nua 650 dalta do Choláiste Uí Chearúlláin san Obair. Tionsadail mhóra a raibh an BOOLM freagrach astu ná sínte i gColáiste Ráth Tó, Coláiste Beaufort, An Uaimh, Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire, Iarbhunscoile na Sceachóige, Co. Lú agus Coláiste Naomh Peadar, Dún Búinne. Déanann an BOOLM bainistíocht freisin ar shíneadh mór a bhfuil sé freagrach as do Phobalscoil Bhaile Átha Fhirdhia. Lean an dara céim de na sínte ar Phobalscoil Chill Dhéagláin agus Coláiste na Mí ar aghaidh trí na céimeanna dearaidh agus pleanála.

San áireamh sna sínte atá á dtógáil atá níos lú tá síneadh do Shainseomra agus aonad nua Riachtanas Speisialta Oideachais d'Iarbhunscoil Naomh Oilibhéar, an Seanchaisleán. Fuarthas seomraí réamhdhéanta breise d'áiteanna éagsúla lena n-áirítear Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí, Coláiste Uí Fhiaich, Dún Dealgan, Iarbhunscoil na Sceachóige, Co. Lú, Coláiste na Mí, an Uaimh agus Coláiste Naomh Peadar, Dún Búinne.

Rinne an BOO bainistíocht freisin ar thionscadail bheaga éagsúla eile ar fud Lú agus na Mí. Is é €15 milliún a caitheadh ar na tionscadail seo agus ar na tionscadail mhóra a ndearnadh cur síos orthu thuas.

Déanann an BOO iarratais ar na tionscadail Caipitil uile chuig an Roinn Oideachais & Scileanna. A luaithe a cheadaítear iad cuireann an BOO an Fhoireann Dearaidh ar fáil le maoirseacht a dhéanamh ar na

tionscadail. Caithfidh an Fhoireann Dearaidh an obair uile a dhéanamh atá de dhíth le tógáil an tionscadail a dhearadh agus le maoirseacht a dhéanamh air ar bhealach cumasach, gairmiúil agus éifeachtach i gcomhréir le Treoir an Tionscadail, Clár an Tionscadail, Sceideal na Cóiríochta agus na teorainneacha Costais agus Limistéir. San áireamh sna céimeanna atá ag teastáil le dul chun cinn a dhéanamh ar na tionscadail tá an Réamhdhearadh, an Dearadh Forbartha, an Miondearadh, na Doiciméid Tairisceana a Ullmhú, Tairiscintí a lorg ó Chonraitheoirí Tógála agus iad a Sholáthar, An Chéim Tógála agus an Céim Chuntais Deiridh. Le gach tionscadal freisin éilítear soláthar do throscán, trealamh agus TF chun na foirgnimh a fheistiú go hiomlán. Tá an BOO, mar chliant, freagrach lena chinntiú go dtugann an Fhoireann Dearaidh faoi na dualgais uile thuas.

Árachas

Tugann Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha agus Oideachais aire don árachas don BOO. Is iad seo a leanas na staitisticí do 2016.

2016	Éilimh Nua	Éilimh a Socraíodh	Éilimh Ghníomhacha	
Líon:	9	18	22	

Nochtadh Leasanna

Faoi fhorálacha na nAchtanna um Eitic san Oifig Phoiblí 1995 agus 2001, éilítear ar Stiúrthóirí Ainmnithe agus sealbhóirí de Phoist Ainmnithe Fostaíochta Ráitis Leasanna a dhéanamh. Is iad seo a leanas na tuairisceáin do 2016.

Eitic san Oifig Phoiblí – Nochtadh Leasanna 2016 - Staitisiticí		
	Stiúrthóirí Ainmnithe	Poist Ainmnithe Fostaíochta
Líon na Ráiteas:	21	219

Scéim na dTeangacha Oifigiúla

D'fhaomh an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Joe McHugh, Uasal, T.D. Scéim na dTeangacha Oifigiúla de chuid an BOOLM.

Beidh an scéim i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón 7 Nollaig 2015 nó go dtí go ndéantar scéim nua a fhaomhadh, cibé ceann acu an ceann is déanaí.

Is é aidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla úsáid na Gaeilge i ngnóthaí poiblí a chur chun cinn agus a chinntiú go n-úsáideann na comhlachtaí poiblí an Ghaeilge agus iad i dteagmháil leis an bpobal agus/nó iad ag cur seirbhísí ar fáil don phobal.

Achomhairc d'Alt 29

Is iad seo a leanas na staitisticí do líon iomlán na nAchomharc d'Alt 29 a reáchtáladh ag leibhéal áitiúil an BOO in 2016.

Staitisticí Achomhairc d'Alt 29 2016				
	Achomhairc a bhaineann le rollú a dhiúltú	Achomhairc a bhaineann le díbirt	Achomhairc a bhaineann le cur ar fionraí	Líon iomlán na nAchomharc
Líon:	3	3	0	6
Catagóir an Achomhairc				
Réitithe roimh éisteacht ar achomharc	2	1		
Achomhairc ar seasadh leo	1			
Achomhairc nár seasadh leo		1		
Achomhairc ar seasadh le cuid díobh		1		

Bainistíocht Riosca

Cé go raibh bainistíocht riosca mar chuid de ghníomhaíochtaí an BOOLM i gcónaí, ghlac an Bord le polasaí bainistíochta riosca i mí an Mheithimh 2016. Faoin bpolasaí seo tá an BOOLM tiomanta do rioscaí a aithint, measúnú, bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh orthu, lena spriocanna straitéiseacha agus oibríochtúla a bhaint amach.

Polasaithe

Tá an rannóg SCO freagrach as polasaithe a dhréachtú agus go ndéanfaidh an Bord iad a mheas agus a fhaomhadh. Is é atá i gceist le polasaithe a dhréachtú ná caidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear BOOanna eile, Árachas Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Réadmhaoin

Laistigh den réimse seo tá an rannóg SCO freagrach as clár réadmhaoine a choinneáil atá faoi úinéireacht agus ar léas ag an BOOLM, léasanna a shocrú trí idirbheartaíocht agus a chur i gcrích.

Úsáid áiseanna

Tá an BOOLM ar an eolas faoin suíomh agus ról atá aige sna pobail áitiúla agus, mar chuid de seo, is mian leis a chinntiú go bhfuil a áiseanna ar fáil d'eagraíochtaí áitiúla. Is é an rannóg SCO a láimhseálann an próiseas le comhaontuithe a shocrú le háiseanna an BOOLM a úsáid.

Nochtuithe Faoi Chosaint

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí tiomanta do na caighdeáin atá chomh hard agus is féidir dár n-oibleagáidí dleathacha a chomhlíonadh.

Is mór aige an trédhearcacht agus cuntasacht ina gcleachtais riaracháin agus bainistíochta, agus tá sé tiomanta do na caighdeáin is airde den ionracas, oscailteacht agus cuntasacht a choinneáil agus aithníonn sé go bhfuil ról lárnach ag na hoibrithe leis na haidhmeanna seo a bhaint amach.

D'ullmhaigh an rannóg SCO polasaí le Nochtuithe Faoi Chosaint a bheith déanta ag oibrithe an BOOLM agus ghlac an Bord leis i mí na Bealtaine 2016.

Bainistíocht ar Thaifid

Is é an rannóg SCO atá freagrach as stóráil shábháilte agus shlán na ndoiciméad príomhoifige agus cur i bhfeidhm cur chuige fhoirmiúil maidir le doiciméid rúnda a dhiúscairt.

Seirbhísí do Chustaiméirí

Tuigeann an BOOLM gur chóir go mbeadh seirbhísí Poiblí deartha agus curtha ar fáil chun freastal ar riachtanais an tsaoránaigh, an ghnó agus an phobail. Tá an BOOLM tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil ar bhonn cúirtéise, le híogaireacht, ar bhonn práinne agus ar bhealach éifeachtach.

Sláinte agus Sábháilteacht

Cé go bhfuil ról ag na scoláirí agus baill foirne uile lena chinntiú go bhfuil siadsan agus iadsan timpeall orthu sábháilte, tá an rannóg SCO freagrach as a chinntiú go gcoinnítear gach polasaí agus nós imeachta suas chun dáta agus go bhfuil scoileanna agus ionaid ar an eolas faoi na riachtanais.

Scoláireachtaí Gaeltachta

Déanann an rannóg SCO scéim na scoláireachtaí Gaeltachta a riar ina gcuirtear cuidiú airgeadais ar fáil do líon scoláirí i scoileanna BOOLM i dtreo an chostais chun freastal ar chúrsaí sa Ghaeltacht le linn an tsamhraidh.

Bainistíocht ar Stoic

Cuidíonn an rannóg SCO le scoileanna agus ionaid le taifeadadh agus bainistíocht a dhéanamh ar a stoic tomhaltán, troscáin, trealaimh, etc. Cuimsíonn sé seo stocáireamh bliantúil a eagrú.

Clúdach don Fháiltiú

Cuireann an rannóg SCO fáilteoir ar fáil in oifigí riaracháin.

Cúntóir Pearsanta don Phríomhfheidhmeannach

Cuireann an rannóg SCO Cúntóir Pearsanta ar fáil don Phríomhfheidhmeannach.

Rannóg TFC

Léargas Ginearálta

Tá ról lárnach ag TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) san BOOLM. Cuireann an rannóg TFC seirbhísí agus tacaíocht theicniúil TFC ar fáil do na baill foirne agus scoláirí uile san BOOLM. Tugann rannóg TFC an BOOLM tacaíocht ar fáil do thart ar 2,200 ball foirne agus níos mó ná 12,000 scoláire.

Ag baint úsáide as struchtúr fearainn shingil, tá na hiarbhunscoileanna uile, Coláistí Breisoideachais, Ionad Oiliúna Dhún Dealgan agus oifigí riaracháin i Sráid an tSéipéil, Dún Dealgan agus Bóthar na Mainistreach san Uaimh ar fad ceangailte le fearann an BOOLM. Tá suíomhanna Breisoideachais ar nós SDOG, BTEI, Ógtheagmháil agus an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh mar chuid den struchtúr óstáilte Office 365 freisin agus tá na seirbhísí uile ar fáil chomh maith do na scoláirí agus baill foirne araon sna suíomhanna seo.

Is iad seo a leanas roinnt de na seirbhísí a chuireann an rannóg TFC:

- Fearann BOOLM Singil
- Córas deasc chabhrach atá óstáilte go lárnach.
- Ríomhphost óstáilte (Office 365) (tá seoladh ríomhphoist @LMETB.ie ag na baill foirne agus scoláirí lánaimseartha uile)
- SharePoint Óstáilte (Office 365)
- Moodle Óstáilte (rannóg Iar-Ardteistiméireachta)
- Uathsholáthar de chuntais úsáideora.
- Seirbhís phriontála bhainistithe.
- Bainistíocht ar shuíomhanna gréasáin
- Bainistíocht ar thart ar 8,000 nód ar an líonra (ríomhairí pearsanta, táibléid, lasca, ballaí dóiteáin, líonraí gan sreang, freastalaithe, etc.)
- Oiliúint agus comhairle TFC don fhoireann.
- Bainistíocht ar sheirbhísí TFC ar conradh.
- Bainistíocht tionscadal TFC.
- Seirbhís soláthair TFC.

Forbairtí agus Tionscadail (2016)

- Oifigí riaracháin; tuilleadh cónasctha ar na córais (Dún Dealgan agus an Uaimh)
- Seirbhís Inlín bunaithe ag baint úsáide as SharePoint do na baill foirne riaracháin, do na ceannairí scoile agus don earnáil bhreisoideachais.
- Conradh tacaíochta teicniúla ar líne do na scoileanna agus ionaid atá lonnaithe i Lú.

- Uasghrádú mór de chláblaí líonraithe i gColáiste Naomh Peadar, Dún Búinne.
- Líonraí gan sreang nua sna suíomhanna seo a leanas: Coláiste Naomh Peadar, Dún Búinne, Ionad Oiliúna Dhún Dealgan, agus Dul Chun Cinn Ógtheagmhála san Uaimh. Rinneadh uasghráduithe ar líonraí gan sreang i gColáiste Uí Fhiaich, Dún Dealgan, Iarbhunscoil na Sceachóige, Baile na hAbhna Dún Dealgan, Iarbhunscoil Naomh Oilibhéar, An Seanchaisleán agus Coláiste Uí Chearúlláin, an Obair.
- Tacaíocht agus oiliúint leanúnach TFC curtha ar fáil do na baill foirne uile san BOOLM lena n-áirítear oiliúint ionduchtaithe do na baill foirne teagaisc nua.
- Scoil nua bunaithe i gColáiste De Lacy, Cill Dhéagláin. Chuimsigh an bunú seo freastalaí nua a chur isteach, líonra gan sreang a chur isteach, córas bainistíochta priontála, cuireadh teilgeoirí isteach i ngach seomra ranga agus stáisiúin mhóibíleacha múinteora, bunaíodh saotharlann ríomhaireachta nua do scoláirí, seomra foirne le háiseanna TF, oifigí BMS agus CCTV.
- Osclaíodh Ionad Breisoideachais Bhaile Átha Fhirdhia; cuireadh córas leictreachais nua isteach san fhoirgneamh agus rinneadh é a athchóiriú i gceithre spás foghlama ina bhfuil ríomhairí, teilgeoirí agus priontáil.
- Ógtheagmháil Bhaile Átha Troim; rinneadh áis stórála bunaithe ar néal a sholáthar ina bhfuil na baill foirne agus scoláirí uile ag sábháil a ndoiciméad ina gcuntais óstáilte Office 365 One Drive.
- Dul Chun Cinn Ógtheagmhála an Uaimh; osclaíodh áitreabh nua san Uaimh agus rinneadh an t-ionad ar fad a uasghrádú le cáblaí líonraithe CAT6a, cuireadh isteach freastalaí nua agus cuireadh isteach ríomhairí, teilgeoirí, ríomhairí glúine agus Wi-Fi isteach i ngach seomra ranga.

Gníomhaíochtaí (2016)

- Teicneolaíocht mhóibíleach curtha i bhfeidhm i líon scoileanna (iPadanna, gléasanna táibléid Windows agus líonraí bainistithe gan sreang)
- Bainistíocht déanta ar uathsholáthar cuntas TF i scoileanna ag baint úsáide as an réiteach Áise a chinntíonn go gcruthaítear cuntais na mball foirne agus scoláirí uile i gceart; déantar tar-rolladh bliantúil de na cuntais agus cinntítear go bhfuil cuntais TF ghníomhacha ag na baill foirne agus scoláirí uile sna scoileanna.
- Rinneadh comhordú ar na cuntais uile Office 365 a chur ar fáil do na baill foirne agus scoláirí nach bhfuil san áireamh san uathsholáthar Réitigh Áise.
- Rinneadh comhordú ar Office Proplus do scoláirí; áit a bhfuair na scoláirí lánaimseartha uile i scoileanna, ionaid Ógtheagmhála agus SDOG ceadúnais Office 2013 dá gcuntais TF agus bhí siad in ann Office 2013 a íoslódáil ar suas le 10 ngléas pearsanta dá bharr.
- Bainistíocht déanta ar bhuiséad TFC agus athnuachan ar chonarthaí TFC.
- Leanadh ar aghaidh ag cur tacaíochta TFC ar fáil do na baill foirne agus scoláirí uile san BOOLM.
- Rinneadh trealamh deisce agus ríomhairí glúine a athnuachan áit a raibh sé de dhíth.
- Refreshed projection facilities in classrooms and learning centres as required.
- Baineadh leas as íomhánna deisce nua i ngach suíomh.

- Rinneadh infreastruchtúr líonra a uasghrádú agus a athnuachan i suíomhanna éagsúla.
- Riarachán líonra ginearálta.
- Cuireadh seirbhísí tacaíochta agus téarnamh tubaistí ar fáil.

lmetb
Bord Oideachais agus
Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education
and Training Board